GA 2024 13

Tuarascáil speisialta

# Ionsú cistí ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

## Ag déileáil le moilleanna, ach tá rioscaí fós ann a mhéid a bhaineann le bearta a chríochnú agus le cuspóirí RRF a bhaint amach

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

# Clár


| | Alt |
|---|---|
| **Achoimre feidhmiúcháin** | I-XI |
| **Réamhrá** | 01-09 |
| **Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta** | 10-16 |
| **Barúlacha** | 17-90 |
| **Bhí réamh-mhaoiniú ina éascú ar eisíocaíocht cistí ar dtús aimsire, ach tá moilleanna ar ionsú RRF agus ní gá go gciallódh sé sin go bhfuil na cistí tagtha chomh fada leis na faighteoirí deiridh** | 17-56 |
| Bhí an réamh-mhaoiniú ina éascú ar eisíoc na gcistí i dtús aimsire | 18-20 |
| Tá ionsú chistí RRF ag dul chun cinn, ach is gnách go mbíonn moill air | 21-27 |
| Tá roinnt imthosca ann a rannchuidíonn leis na moilleanna | 28-52 |
| Ní móide go bhfuil na cistí atá eisíoctha tagtha chomh fada leis na faighteoirí deiridh go fóill, agus níl úsáid chomhsheasmhach á baint i gcónaí as an téarma ‘faighteoir deiridh’ | 53-56 |
| **Rinne an Coimisiún agus na Ballstáit bearta chun ionsú a éascú, ach tá sé róluath le measúnú a dhéanamh féachaint an raibh tionchar dearfach ag na bearta sin** | 57-75 |
| D’iarr gach ceann de na Ballstáit inár sampla go ndéanfaí leasuithe ar a gcuid RRPanna, ach ní léir fós cén tionchar a bheidh aige sin ar ionsú | 59-63 |
| Sholáthair an Coimisiún treoraíocht maidir leis na rialacha sonracha le haghaidh chur chun feidhme RRF, ach is féidir tuiscintí éagsúla a bhaint as na rialacha sin fós | 64-68 |
| Rinne na Ballstáit inár sampla gníomhaíochtaí chun acmhainneacht riaracháin a mhéadú, ach tá ganntanais foirne fós orthu | 69-70 |
| Rinne na Ballstáit agus an Coimisiún córais a chur ar bun chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sa chur chun feidhme, ach níl an obair leantach ar mhoilleanna á déanamh go córasach | 71-75 |

Tá RRF deartha sa chaoi go bhfuil rioscaí don ionsú ag gabháil leis agus go bhfuil bearta le tabhairt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026 **76-90**

Tá cainníocht agus nádúr na ngarspriocanna agus na spriocanna atá fós le críochnú ag cruthú riosca don ionsú agus do thabhairt chun críche na mbeart **77-85**

Ní móide go léiríonn eisíocaíochtaí cainníocht agus tábhacht na ngarspriocanna agus na spriocanna atá clúdaithe leo **86-90**

Conclúidí agus moltaí **91-99**

Iarscríbhinní

Iarscríbhinn I – An phríomhfhaisnéis as suirbhéanna CIE ar na Ballstáit

Iarscríbhinn II – Céimeanna nós imeachta agus am (i laethanta) a bhí ag teastáil don chomhlíonadh

Iarscríbhinn III – Feidhmiúlachtaí na gcóras faireachán náisiúnta TF chun ionsú cistí RRF ar an leibhéal náisiúnta a rianú

Iarscríbhinn IV – Céatadán d’athchóirithe agus infheistíochtaí atá le críochnú in aghaidh na bliana, de réir Ballstáit

Giorrúcháin

Gluais

Freagraí ón gCoimisiún

Amlíne

An fhoireann iniúchóireachta

# Achoimre feidhmiúcháin

**I** I bhFeabhra 2021, bhunaigh an tAontas Eorpach an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), a bhfuil €723.8 billiún ag gabháil leis, agus arb é an aidhm atá leis an tsaoráid sin ná tionchar eacnamaíoch na paindéime a mhaolú (a raibh sé bunriachtanach chuige sin go mbainfí úsáid go tapa as an gcistiú) agus geilleagair na mBallstát a dhéanamh níos athléimní. Is é an Coimisiún a chuireann RRF chun feidhme de réir phróiseas na bainistíochta dírí agus bíonn ar na Ballstáit, mar thairbhithe agus iasachtaithe na gcistí, a chinntiú go ndéantar bearta faoi RRF a chur chun feidhme i gcomhréir leis an dlí ábhartha Eorpach agus náisiúnta.

**II** D'áiríomar an t-iniúchadh seo inár gclár oibre bliantúil mar gheall ar ábharthacht na méideanna airgid a bhí i gceist agus mar gheall gur samhail chistithe úrnua a bhí sa tsamhail chistithe a bhí ann do RRF. Rinneamar scrúdú ar dhearadh agus cur chun feidhme RRF chun an méid seo a leanas a mheasúnú:

- an ndearnadh cistí RRF a íoc amach mar a bhí beartaithe;
- ar chinntigh na gníomhaíochtaí a rinne na Ballstáit agus an Coimisiún go raibh na cistí á n-ionsú mar a bhí beartaithe; agus
- an bhfuil rioscaí fréimhíochta ann a mhéid a bhaineann le hionsú agus le tabhairt chun críche na mbeart sa dara leath de chur chun feidhme RRF.

**III** Táimid tagtha ar an gconclúid go bhfuil ionsú chistí RRF ag dul chun cinn, ach go bhfuil moilleanna áirithe ar an dul chun cinn sin, agus go bhfuil rioscaí ag gabháil leis an ionsú agus le tabhairt chun críche na mbeart sa dara leath de chur chun feidhme RRF.

**IV** Tríd an réamh-mhaoiniú de suas go dtí 13 % a bhforáiltear dó sa reachtaíocht, bhíothas in ann níos mó cistí a íoc amach go tapa ag tús RRF, ach bhí moilleanna i gceist leis an ionsú ar chúiseanna éagsúla. Faoi dheireadh 2023, bhí thart ar €213 bhilliún ar an iomlán íoctha amach ag an gCoimisiún (lena n-áirítear €56.5 billiún mar réamh-mhaoiniú). Faoi dheireadh 2023, bhí suim iomlán de €228 mbilliún iarrtha ag na Ballstáit, cé gur €273 bhilliún a measadh a d'iarrfaí bunaithe ar shocruithe oibríochtúla na mBallstát. Bhí seacht mBallstát ann, áfach, nach bhfuair aon chistí mar luaíocht ar gharspriocanna agus spriocanna ó RRF a bheith comhlíonta go sásúil acu faoi dheireadh 2023.

**V** Cé go bhfuil éagsúlacht ó Bhallstát go chéile sna cúiseanna leis na moilleanna, áirítear iad seo a leanas ar na cúiseanna is coitianta: athruithe in imthosca seachtracha (amhail boilsciú agus ganntanas soláthairtí); gannmheastachán ar an méid ama a bhí ag teastáil chun bearta a chur chun feidhme; éiginnteachtaí i ndáil le rialacha cur chun feidhme áirithe de RRF (amhail an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'); agus dúshláin a bhaineann le hacmhainneacht riaracháin na mBallstát.

**VI** I nDeireadh Fómhair 2023, bhí beagnach leath na gcistí a fuarthas íoctha leis na faighteoirí deiridh. Níor thug gach ceann de na Ballstáit, áfach, faisnéis iomlán agus chomhsheasmhach ar an áit a bhfuil cistí RRF faoi láthair. Sa bhreis air sin, is féidir 'faighteoirí deiridh' a thuiscint ar bhealaí éagsúla.

**VII** Rinne an Coimisiún agus na Ballstáit, araon, bearta chun déileáil leis na moilleanna. Ach, tá sé róluath le measúnú a dhéanamh féachaint an raibh tionchar dearfach ag na bearta sin. Mar shampla, mhol na Ballstáit leasuithe ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta a bhí curtha isteach ar an gcéad dul síos acu, agus thug an Coimisiún treoraíocht agus tacaíocht chun cur chun feidhme RRF a éascú. Ní léir fós, áfach, cén tionchar a bheidh ag na leasuithe ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta, agus tá cuid de na Ballstáit den tuairim gur féidir bríonna éagsúla a bhaint as codanna den treoraíocht nó go bhfuil codanna den treoraíocht deacair le cur i bhfeidhm mar gheall ar chomh casta agus chomh nua atá sí.

**VIII** Rinne na Ballstáit bearta freisin chun a n-acmhainneacht riaracháin a mhéadú, ach tá dúshláin fós ann, i.e. an fhoireann atá ag teastáil a earcú. Tá córais TF curtha ar bun ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit araon chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sa chur chun feidhme, ach i gcás péire de na Ballstáit sa sampla iniúchóireachta ní thugann a gcuid córas náisiúnta dóthain faisnéise a ligfeadh dóibh moilleanna a shainaithint luath go leor. Thairis sin, cé go ndearna an Coimisiún faireachán trína theagmhálacha rialta leis na Ballstáit, níor iarr sé orthu go córasach faisnéis a thabhairt faoi na gníomhaíochtaí a bhí déanta chun aghaidh a thabhairt ar na moilleanna a bhí tuairiscithe ag na Ballstáit, cé go ndéanann an Coimisiún RRF a chur chun feidhme faoi bhainistíocht dhíreach agus gur air atá an fhreagracht faoi dheoidh.

**IX** Measaimid go bhfuil rioscaí ann d'ionsú tráthúil agus do thabhairt chun críche na mbeart sa dara leath de chur chun feidhme RRF. Níos sonraí ná sin, tá líon suntasach garspriocanna agus spriocanna fós ann atá le comhlíonadh agus d'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos deacra iad sin a bhaint amach. Sa bhreis air sin, is dócha go mbeidh an t-aistriú ó athchóirithe go dtí infheistíochtaí ina chúis le riosca breise go dtarlóidh moilleanna.

**X** Thugamar faoi deara freisin nach gá go mbeadh eisíocaíochtaí cistí RRF le Ballstáit ina léiriú ar chainníocht agus ar thábhacht na ngarspriocanna agus na spriocanna atá iontu. Thairis sin, tá an caidreamh idir na méideanna a fuarthas faoi RRF agus baint amach garspriocanna agus spriocanna éagsúil ó Bhallstát go chéile. Ós rud é nach bhforálann Rialachán RRF don fhéidearthacht cistí a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna atá bainte amach cheana féin a aisghabháil sa chás nach dtugtar bearta chun críche, cothaíonn sé seo rioscaí mar go bhféadfadh sé go mbeadh cistiú RRF á íoc dá bharr, ach fós nach mbeadh na bearta comhfhreagracha tugtha chun críche ag na Ballstáit.

**XI** Bunaithe ar na fionnachtana sin, molaimid don Choimisiún:


- a chinntiú go ndéantar an sainmhíniú ar 'fhaighteoir deiridh' a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- treoraíocht agus tacaíocht bhreise a thabhairt do na Ballstáit;
- faireachán a dhéanamh ar an riosca nach ndéanfar bearta a thabhairt chun críche, agus an riosca sin a mhaolú, chomh maith le faireachán agus maolú ar na hiarmhairtí airgeadais a ghabhann leis an méid sin;
- dearadh ionstraimí a bhunófar amach anseo ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais a neartú, a mhéid a bhaineann le hionsú na gcistí.

# Réamhrá

**01** Mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19, rinneadh ciste téarnaimh ar fiú níos mó ná €800 billiún é (i bpraghsanna reatha) – NextGenerationEU (NGEU) – a chur ar bun. Ina chroílár tá an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF)[1], a bunaíodh i bhFeabhra 2021, le huasluach iomlán de €723.8 billiún (i bpraghsanna reatha).

**02** Tá raon feidhme RRF, faoi mar atá sé sainmhínithe i Rialachán RRF[2], comhdhéanta de bhearta (bídís sin ina n-infheistíochtaí nó ina n-athchóirithe) faoi na sé réimse tosaíochta, nó 'colúin' a thaispeántar i ***bhFíor 1***. Maoiníonn RRF athchóirithe agus infheistíochtaí i mBallstáit an Aontais Eorpaigh ó thús na paindéime i bhFeabhra 2020 go dtí an 31 Nollaig 2026[3].

### Fíor 1 – Na sé cholún




*Foinse:* CIE, bunaithe ar Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin.

---

1 Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, dá dtagraítear sa tuarascáil seo mar 'Rialachán RRF'.

2 Airteagal 3 de Rialachán RRF.

3 Le haghaidh samplaí de na hathchóirithe agus de na hinfheistíochtaí a cistíodh faoi RRF, féach Tuarascáil Speisialta 21/2022: Measúnú an Choimisiúin ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, Iarscríbhinn IV.

**03** Is é an cuspóir atá le RRF ná tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 (a raibh sé bunriachtanach chuige sin go mbainfí úsáid go tapa as an gcistiú) a mhaolú agus geilleagair agus sochaithe na mBallstát a dhéanamh níos inbhuanaithe, níos athléimní agus níos ullmhaithe do dhúshláin agus do dheiseanna a leanfaidh as na haistrithe glasa agus digiteacha. Dá bhrí sin, tá dhá ghné ina chuspóir aige – téarnamh ón bpaindéim a fheabhsú agus athléimneacht i gcás géarchéimeanna amach anseo a fheabhsú.

**04** Is ar an gCoimisiún faoi dheoidh atá an fhreagracht as RRF a chur chun feidhme mar go bhfuil RRF[4] á bhainistiú go díreach aige, agus bíonn ar na Ballstáit, mar thairbhithe agus iasachtaithe na gcistí, a chinntiú go ndéantar bearta faoi RRF a chur chun feidhme i gcomhréir leis an dlí ábhartha Eorpach agus náisiúnta.

**05** Faoi RRF, is féidir leis an gCoimisiún tacaíocht airgeadais suas go dtí **€338.0 billiún i ndeontais agus suas go dtí €385.8 billiún in iasachtaí** a thabhairt[5]. Tá gach Ballstát incháilithe do mhéid áirithe tacaíochta, bunaithe ar fhoirmle (‘eochair leithdháilte’) le haghaidh deontas agus tá caidhp ar iasachtaí[6].

[4] Airteagal 8 de Rialachán RRF.

[5] Ní áiríonn na méideanna sin an cistiú breise faoi REPowerEU.

[6] Airteagail 11 agus 14(5) de Rialachán RRF.

**06** Chun tairbhiú den tacaíocht sin, chuir na Ballstáit a gcuid **pleananna téarnaimh agus athléimneachta (RRPanna)** isteach, agus bhí siad sin le measúnú ag an gCoimisiún agus le formheas ina dhiaidh sin ag an gComhairle i bhfoirm **Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle**[7]. Ansin, chomhaontaigh an Coimisiún **socruithe oibríochtúla** le gach aon Bhallstát, ina raibh na mionsonraí agus na gnéithe teicniúla a bhain leis an gcur chun feidhme, amhail sceideal táscach le haghaidh íoc na dtráthchodanna, céimeanna eatramhacha breise maidir le baint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna, agus socruithe chun rochtain a thabhairt ar shonraí foluiteacha. Tá ceithre imthoisc sonraithe freisin i Rialachán RRF faoina bhféadfaidh Ballstát a RRP a leasú[8]:

(1) má dhéantar an ranníocaíocht uasta airgeadais a nuashonrú[9];

(2) mura féidir na garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach a thuilleadh mar gheall ar imthosca oibiachtúla;

(3) má iarrann an Ballstát iasachtaí; agus

(4) nuair a chuireann an Ballstát a chaibidil REPowerEU[10] isteach ina RRP, i gcomhréir le plean um aistriú fuinnimh an Aontais Eorpaigh.

I gcás leasuithe, déantar an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle agus na socruithe oibríochtúla a leasú dá réir.

**07** I gcás Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle a glacadh faoin 31 Nollaig 2021, d’fhéadfadh na Ballstáit réamhíocaíocht i bhfoirm **réamh-mhaoiniú suas go dtí 13 %** dá leithdháileadh iomlán deontais a iarraidh agus, i gcás inarb infheidhme, suas go dtí méid iomlán na n-iasachtaí[11]. Déantar an réamh-mhaoiniú a asbhaint (nó a ‘imréiteach’) ansin ar bhonn cionmhar as gach aon íocaíocht a dhéantar ina dhiaidh sin. I gcás REPowerEU, d’fhéadfadh na Ballstáit réamh-mhaoiniú de suas go dtí 20 % dá gcistiú breise a fháil, faoi réir a gcuid caibidlí REPowerEU a bheith formheasta.

---

[7] Airteagal 20 de Rialachán RRF.

[8] Airteagal 21 de Rialachán RRF.


[9] Nóta ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 30 Meitheamh 2022: ‘RRF: Nuashonrú na ranníocaíochta uasta airgeadais’.

[10] Rialachán (AE) 2023/435 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE.

[11] Airteagal 13 de Rialachán RRF.

**08** Is ionstraim é RRF atá bunaithe ar **'mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais'**, rud a chiallaíonn go bhfuil na híocaíochtaí go léir (cé is moite den réamh-mhaoiniú) bunaithe ar na garspriocanna agus spriocanna ábhartha a bheith bainte amach ag na Ballstáit. Níl luach gach iarrata ar íocaíocht bunaithe ar na costais a mheastar a bheadh leis na garspriocanna agus spriocanna sna hiarrataí sin a bhaint amach. I ***bhFíor 2***, taispeántar na céimeanna a bhaineann le cistiú a iarraidh faoi RRF.

### Fíor 2 – Próiseas cur chun feidhme RRF




*Foinse:* CIE.

**09** Is féidir leis na Ballstáit suas go dtí dhá **iarraidh ar íocaíocht** in aghaidh na bliana a chur isteach tar éis dóibh na garspriocanna agus spriocanna gaolmhara a bhaint amach. Bíonn dhá mhí ansin ag an gCoimisiún chun an iarraidh ar íocaíocht a mheasúnú, agus a fhíorú go bhfuil na garspriocanna agus spriocanna foluiteacha comhlíonta go sásúil. I ndiaidh measúnú dearfach, tá 4 seachtaine ag an gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais sa Chomhairle le tuairim a thabhairt, agus glacann an Coimisiún cinneadh tríd an nós imeachta scrúdúcháin faoi phróiseas na gcoistí (i.e. bíonn coiste d'ionadaithe ó na Ballstáit go léir páirteach ann) trína n-údaraítear eisíoc na gcistí[12].

[12] Airteagal 24(2) go (5) de Rialachán RRF.

# Scóip agus cur chuige na hiniúchóireachta

10 Ionas go ndéanfaidh RRF a chuspóir déach de théarnamh agus d'athléimneacht a bhaint amach[13], tá sé bunriachtanach go ndéanfar cistí a ionsú go tráthúil. Cuidíonn sé sin lena chinntiú nach mbeidh scrogaill sna bearta cur chun feidhme i dtreo dheireadh na tréimhse cur chun feidhme. Dá réir sin, laghdaíonn sé an riosca go mbeadh cistí á n-úsáid ar bhealach neamhéifeachtach agus go mbeadh neamhrialtachtaí ann.

11 Ós rud é nach bhfuil sainmhíniú soiléir tugtha ar **ionsú** i Rialachán RRF, is é an sainmhíniú atá againne air ná cistiú ón Aontas a ndéanann an Coimisiún é a íoc amach leis na Ballstáit. I gcomhthéacs RRF, is iad na Ballstáit na tairbhithe agus déanann an Coimisiún cistí a íoc le Ballstát nuair a bhíonn garspriocanna agus spriocanna comhlíonta go sásúil. Chun forléargas cuimsitheach a fháil, bhreathnaíomar freisin san iniúchadh seo ar íocaíochtaí leis na faighteoirí deiridh, chomh maith leis an réamh-mhaoiniú a fuair siad.

12 Ina theannta sin, tá ár measúnú ar **ionsú tráthúil** bunaithe ar an méid seo a leanas: an ndearna na Ballstáit a gcuid iarrataí ar íocaíochtaí a chur isteach i gcomhréir leis an tráthchlár táscach a bhí comhaontaithe ina socruithe oibríochtúla. Sa bhreis air sin, rinneamar measúnú féachaint an raibh aon rioscaí suntasacha ann do bhearta a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse cur chun feidhme RRF (Feabhra 2020 go Lúnasa 2026) agus, dár réir sin, do bhaint amach chuspóirí RRF san fhadtéarma.

13 D'áiríomar an t-iniúchadh seo inár gclár oibre bliantúil mar gheall ar ábharthacht chaiteachas RRF agus mar gheall gur ionstraim chistithe úrnua atá in RRF. Chlúdaigh ár n-iniúchadh an tréimhse ó thús RRF i bhFeabhra 2021 go dtí deireadh 2023. Thug sé seo an deis dúinn measúnú a dhéanamh ar stádas na mbeart agus ar an dul chun cinn a bhí déanta acu sa chéad leath de thréimhse cur chun feidhme RRF agus chun na cúiseanna le fadhbanna le hionsú tráthúil cistí ag na Ballstáit, agus na cúiseanna le rioscaí dóibh, a shainaithint, agus, faoi dheoidh, na cúiseanna le fadhbanna agus rioscaí a bhaineann le tabhairt chun críche na mbeart.

[13] Airteagal 4(1) de Rialachán RRF.

**14** Rinneamar scrúdú ar dhearadh agus cur chun feidhme RRF chun an méid seo a leanas a mheasúnú:

- an ndearnadh cistí RRF a íoc amach mar a bhí beartaithe;
- ar chinntigh na gníomhaíochtaí a rinne na Ballstáit agus an Coimisiún go raibh na cistí á n-ionsú mar a bhí beartaithe; agus
- an bhfuil rioscaí fréimhíochta ann a mhéid a bhaineann le hionsú agus le tabhairt chun críche na mbeart sa dara leath de chur chun feidhme RRF.

**15** Bhí an méid seo a leanas san áireamh inár gcuid oibre iniúchóireachta:

- athbhreithnithe deisce ar dhoiciméid agus ar fhoilseacháin nó faisnéis eile a bhí ábhartha d'ionsú chistí RRF;
- léirbhreithniú agus anailís ar mheasúnuithe an Choimisiúin ar na RRPanna agus ar na hiarrataí ar íocaíocht i gcás na gceithre Bhallstát inár sampla (an Spáinn, an Iodáil, an tSlóvaic agus an Rómáin), a roghnaíodh bunaithe ar a ndul chun cinn i gcur chun feidhme RRF, ar ábharthacht na gcistí RRF a bhí leithdháilte dóibh agus ar an méadú ina leithdháiltí de chistí AE i gcomparáid le creat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020;
- cuairteanna ar an bhfód sna Ballstáit inár sampla;
- agallaimh leis na húdaráis atá i gceannas ar ghníomhaíochtaí RRF a chur chun feidhme agus a chomhordú sna ceithre Bhallstát inár sampla;
- agallaimh le foireann an Choimisiúin, go príomha ón Tascfhórsa Téarnaimh agus Athléimneachta agus ón Ard-Stiúrthóireacht um Ghnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais;
- anailís ar an dul chun cinn a bhí déanta i 42 bheart infheistíochta sna ceithre Bhallstát inár sampla, ar bearta iad a roghnaíodh bunaithe ar a n-ábharthacht airgeadaíochta agus bunaithe ar iad a bheith ag céim níos faide chun cinn sa chur chun feidhme;
- suirbhéanna a bhí dírithe chuig comhlachtaí comhordaithe agus cur chun feidhme RRF agus freisin chuig na húdaráis iniúchóireachta, agus é mar aidhm leis sin comhthaca a thabhairt dár n-obair iniúchóireachta ar an gcaoi a ndéanann dearadh agus cur chun feidhme RRF difear don ionsú tráthúil (féach ***Iarscríbhinn I***);

- léirbhreithniú ar thuarascálacha ábhartha ó uasfhorais iniúchóireachta na mBallstát;
- agallaimh leis comhlachtaí comhordaithe RRF sna Ballstáit go léir ar mhaithe le tuiscint choiteann a fháil ar an bhfaisnéis a tugadh i ndáil le suíomh na gcistí agus na bhfaighteoirí deiridh agus chun cáilíocht na faisnéise sin a sheiceáil.

**16** Le linn ár n-iniúchóireachta, chuir na Ballstáit go léir iarrataí ar leasuithe ar a gcuid RRPanna isteach, agus rinne an Coimisiún measúnú ar na hiarrataí sin agus d'fhormheas an Chomhairle ina dhiaidh sin iad. I gcás na mBallstát inár sampla, rinneadh forthoradh phróiseas leasaithe RRP a mhéid a bhain sé le hionsú cistí RRF a chur san áireamh i gcás inarbh ábhartha é sin. Chun fónamh d'inchomparáideacht sonraí, áfach, tá an réamh-mhaoiniú faoi REPowerEU a íocadh amach le cuid de na Ballstáit ag deireadh 2023 lasmuigh de scóip an iniúchta seo. San iniúchadh seo, ní dhearnamar measúnú féachaint an bhfuil athchóirithe agus infheistíochtaí RRF ag baint amach na dtorthaí a bhí beartaithe leo.

# Barúlacha

## Bhí réamh-mhaoiniú ina éascú ar eisíocaíocht cistí ar dtús aimsire, ach tá moilleanna ar ionsú RRF agus ní gá go gciallódh sé sin go bhfuil na cistí tagtha chomh fada leis na faighteoirí deiridh

**17** Rinneamar measúnú ar na cistí a bhí íoctha amach ag an gCoimisiún, agus chuireamar san áireamh na hiarrataí ar íocaíochtaí a bhí curtha isteach faoi dheireadh 2023. Bhí an measúnú bunaithe ar shonraí ó na socruithe oibríochtúla tosaigh, ar Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin agus ar dhoiciméid ábhartha eile.

### Bhí an réamh-mhaoiniú ina éascú ar eisíoc na gcistí i dtús aimsire

**18** Faoi Rialachán RRF, bhí na Ballstáit ar glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle ina leith roimh an 31 Nollaig 2021 i dteideal réamh-mhaoiniú de suas go dtí 13 % dá ranníocaíocht airgeadais iomlán a fháil.

**19** D’fhág an réamh-mhaoiniú i dtús aimsire go bhféadfaí níos mó cistí a chur ar fáil go tapa agus go raibh sé, dá réir sin, ag teacht le cuspóir RRF (i.e. freagairt do ghéarchéim). Faoi dheireadh 2023, beagnach leath bealaigh trí thréimhse cur chun feidhme RRF, bhí thart ar €213 bhilliún ar an iomlán íoctha amach ag an gCoimisiún leis na Ballstáit (€139 mbilliún i ndeontais agus €74 bhilliún in iasachtaí), lena n-áirítear €56.5 billiún i réamh-mhaoiniú[14].

**20** Cé nach bhfuil sé mar choinníoll leis an réamh-mhaoiniú go mbeadh garspriocanna agus spriocanna comhlíonta ag tráth na híocaíochta, tá sé nasctha go hindíreach mar sin féin lena gcomhlíonadh sa mhéid is go ndéantar an réamh-mhaoiniú a imréiteach ar bhonn cionmhar le híocaíochtaí a dhéantar ina dhiaidh sin. Faoi dheireadh 2023, bhí imréiteach déanta ar thart ar €25.6 billiún nó 45 % den réamh-mhaoiniú a bhí íoctha.

---

[14] An Coimisiún Eorpach, An Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta – Eisíocaíochtaí, amhail an 1 Feabhra 2024, gan eisíocaíochtaí a bhain le REPowerEU san áireamh.

## Tá ionsú chistí RRF ag dul chun cinn, ach is gnách go mbíonn moill air

**21** I gcomhréir le Rialachán RRF[15], déanann an Coimisiún comhaontú leis na Ballstáit ina socruithe oibríochtúla féin i dtaca le hamlíne le haghaidh iarrataí ar íocaíochtaí a chur isteach. Cé gur amlínte táscacha iad sin, déantar an sceideal cur chun feidhme atá beartaithe i ngach aon Bhallstát a leagan amach iontu agus, ar an gcaoi sin, cuidíonn sé le moilleanna a shainaithint, chomh maith leis na fadhbanna agus rioscaí foluiteacha atá ag gabháil le cur chun feidhme RRF. Tá na hamlínte sin, dá réir sin, in úsáid againn mar bhunús dár measúnú féachaint an bhfuil moilleanna ag tarlú ar chur chun feidhme RRF.

**22** Tá éagsúlacht sa dul chun cinn i gcur chun feidhme na RRPanna ó Bhallstát go chéile. I ***bhFíor 3***, tugtar forléargas ar an gcaoi a raibh cúrsaí ag deireadh 2023.

[15] Airteagal 20(6) agus aithris 70 de Rialachán RRF.

## Fíor 3 – An dul chun cinn i gcur chun feidhme RRF amhail ag deireadh 2023

● Deontais
○ Iasachtaí

| | RRP tosaigh / Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle glactha | Réamh-mhaoiniú eisíoctha | Socruithe oibríochtúla sínithe | An líon iarrataí ar íocaíochtaí curtha isteach | Líon na n-íocaíochtaí a fuarthas |
|---|---|---|---|---|---|
| An Ostair | ✓ | ✓ | ✓ | ● | ● |
| An Bheilg | ✓ | ✓ | ✓ | ● | |
| An Bhulgáir | ✓ | | ✓ | ●● | ● |
| An Chróit | ✓ | ✓ | ✓ | ●●●● | ●●● |
| An Chipir | ✓ | ✓ | ✓ | ●● | ● |
| An tSeicia | ✓ | ✓ | ✓ | ●●● | ● |
| An Danmhairg | ✓ | ✓ | ✓ | ●● | ● |
| An Eastóin | ✓ | ✓ | ✓ | ●● | ●● |
| An Fhionlainn | ✓ | ✓ | ✓ | ● | |
| An Fhrainc | ✓ | ✓ | ✓ | ●● | ●● |
| An Ghearmáin | ✓ | ✓ | ✓ | ● | ● |
| An Ghréig | ✓ | ✓ | ✓ | ●●● ○○○ | ●●● ○○○ |
| An Ungáir | ✓ | | | | |
| Éire | ✓ | | ✓ | ● | |
| An Iodáil | ✓ | ✓ | ✓ | ●●●●● ○○○○○ | ●●●● ○○○○ |
| An Laitvia | ✓ | ✓ | ✓ | ●● | ● |
| An Liotuáin | ✓ | ✓ | ✓ | ●● | ● |
| Lucsamburg | ✓ | ✓ | ✓ | ● | ● |
| Málta | ✓ | ✓ | ✓ | ●● | ● |
| An Ísiltír | ✓ | | | | |
| An Pholainn | ✓ | | ✓ | ● ○ | |
| An Phortaingéil | ✓ | ✓ | ✓ | ●●●● ○○○○ | ●●●● ○○○○ |
| An Rómáin | ✓ | ✓ | ✓ | ●●● ○○○ | ●● ○○ |
| An tSlóvaic | ✓ | ✓ | ✓ | ●●●● | ●●● |
| An tSlóivéin | ✓ | ✓ | ✓ | ●●● ○ | ●● |
| An Spáinn | ✓ | ✓ | ✓ | ●●●● | ●●● |
| An tSualainn | ✓ | | ✓ | | |

*Nóta:* Is iad na sonraí a bhaineann leis na RRPanna tosaigh, agus iadsan amháin, atá san fhíor seo agus dá bhrí sin níl na leasuithe a formheasadh ná réamh-mhaoiniú REPowerEU a íocadh faoi dheireadh 2023 san áireamh inti mar go luíonn siad sin lasmuigh de scóip an iniúchta seo.


*Foinse:* CIE, bunaithe ar Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin.

**23** Tugaimid ar aire, faoi dheireadh 2023 – beagnach trí bliana isteach i gcur chun feidhme RRF agus tar éis do bheagnach leath thréimhse cur chun feidhme RRF a bheith caite, go raibh seacht mBallstát ann nach bhfuair aon chistiú mar luaíocht ar gharspriocanna agus spriocanna a bheith comhlíonta go sásúil acu:

- bhí dhá Bhallstát ann (an Ungáir agus an Ísiltír) nár shínigh socruithe oibríochtúla agus nach raibh, dá bhrí sin, in ann iarrataí ar íocaíocht a chur isteach nó cistiú RRF a fháil;
- bhí Ballstát amháin ann (an tSualainn) a raibh socruithe oibríochtúla sínithe aige, ach nár chuir aon iarrataí ar íocaíocht isteach;
- bhí ceithre Bhallstát ann (an Bheilg, an Fhionlainn, Éire agus an Pholainn) a raibh iarrataí ar íocaíocht curtha isteach acu, ach nach bhfuair cistiú dá réir mar go raibh a gcuid iarrataí fós faoi mheasúnú ag deireadh 2023.

**24** As na 104 iarraidh ar íocaíocht le haghaidh deontas agus iasachtaí a bhí dlite, go táscach, lena gcur isteach faoi dheireadh 2023, bhí 73 (70 %) díobh curtha isteach faoin dáta sin, agus bhí difríochtaí suntasacha ann ó Bhallstát go chéile (***Fíor 4***). Ó thaobh an chistithe de, bhí iarrataí ar íocaíocht de luach €228 mbilliún curtha isteach ag na Ballstáit le hais an €273 bhilliún a bhí beartaithe ar dtús, nó thart ar 16 % níos lú. Den mhéid sin, bhí thart ar €182 bhilliún íoctha le Ballstáit mar luaíocht ar gharspriocanna agus spriocanna a bheith comhlíonta go sásúil acu faoi dheireadh 2023, lena n-áirítear na méideanna den réamh-mhaoiniú a bhí imréitithe cheana féin.

## Fíor 4 – An cion d'iarrataí ar íocaíocht a bhí curtha isteach faoi dheireadh 2023, i gcomparáid leis na hamlínte táscacha sna socruithe oibríochtúla




*Foinse:* CIE, bunaithe ar na socruithe oibríochtúla agus ar Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin.

**25** Tugaimid ar aire gur bhain moilleanna le beagnach gach ceann de na Ballstáit i gcur isteach iarrataí ar íocaíochtaí i gcomparáid leis na hamlínte táscacha a bhí ina socruithe oibríochtúla féin (***Fíor 5***). Bhí éagsúlacht mhór sna moilleanna sin, ní hamháin ó thaobh líon na n-iarrataí ar íocaíocht a raibh moill curtha orthu, ag dul ó cheann amháin (an Fhionlainn agus Éire) go dtí sé cinn (an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin), ach freisin ó thaobh fad na moille, a bhí ag dul ó 1 mhí (an Chipir, an chéad íocaíocht) go dtí 12 mhí (an Eastóin, an chéad íocaíocht).

## Fíor 5 – Moilleanna in iarrataí ar íocaíocht a chur isteach, i gcomparáid leis an amlíne tháscach




*Nóta:* Níl an Ungáir ná an Ísiltír sa tábla mar nach raibh socruithe oibríochtúla sínithe acu laistigh den tréimhse iniúchóireachta agus, dá bhrí sin, nach bhféadfaidís iarraidh ar íocaíocht a chur isteach faoi dheireadh 2023. Tá faisnéis níos déanaí maidir leis an dul chun cinn i gcur chun feidhme RRPanna ar fáil ar Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin. Is iad na sonraí a bhaineann leis na RRPanna tosaigh, agus iadsan amháin, atá san fhíor seo agus dá bhrí sin níl na leasuithe a formheasadh faoi dheireadh 2023 san áireamh inti mar go luíonn siad sin lasmuigh de scóip an iniúchta seo.

*Foinse:* CIE, bunaithe ar na socruithe oibríochtúla agus ar Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin.

**26** I ***bhFíor 5***, taispeántar freisin treocht i dtráthúlacht na n-iarrataí ar íocaíocht a léiríonn go raibh moilleanna ag éirí níos coitianta de réir mar a bhí cur chun feidhme RRF ag dul chun cinn. Cé go ndearnadh 56 % de na chéad iarrataí (18 as 32) – i gcás na chéad íocaíochta – a chur isteach in am, laghdaigh an cion sin go dtí 27 % (8 as 30) don dara hiarraidh ar íocaíocht agus go dtí 9.5 % (2 as 21) don tríú ceann. Tugaimid ar aire, áfach, nach féidir tráthúlacht na n-iarrataí ar íocaíochtaí a dhéanann Ballstát a mheasúnú go dtí go mbíonn a chuid socruithe oibríochtúla glactha, mar gur iontu sin atá an tráthchlár táscach le haghaidh iarrataí ar íocaíocht. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh moill ar bith luaite le tíortha atá san fhíor (mar shampla, an Ghearmáin) mar gur shínigh siadsan a socruithe oibríochtúla ag tráth níos déanaí – ní gá gurb é go bhfuil siad níos faide chun cinn i gcur chun feidhme RRF. Féach ***Iarscríbhinn II*** le haghaidh forléargas ar an méid ama a theastaíonn chun na measúnuithe ábhartha a dhéanamh.

**27** Sa bhreis air sin, bíonn ar na Ballstáit tuairisciú faoi dhó sa bhliain ar an dul chun cinn atá déanta acu i gcur chun feidhme a gcuid RRPanna[16]. Déantar an tuarascáil leathbhliantúil sin i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh agus áiríonn sé sonraí féintuairiscithe ar an dul chun cinn i mbaint amach na ngarspriocanna agus spriocanna a bhí dlite a bheith críochnaithe roimh thráth na tuarascála agus a bhí dlite a bheith críochnaithe sna 12 mhí i ndiaidh an dáta sin. Léiríonn ár n-anailís ar an dá thuarascáil leathbhliantúla deiridh a bhí curtha isteach ag na Ballstáit gur tháinig méadú ar an gcion de gharspriocanna agus spriocanna nach raibh críochnaithe in am ach nár tháinig aon athrú ar an gcion de gharspriocanna don todhchaí a raibh moilleanna luaite leo:

- i dTuarascáil Aibreán 2023, ní raibh thart ar 18 % de na garspriocanna agus spriocanna a bhí ceaptha a bheith bainte amach críochnaithe. Mhéadaigh an cion sin go dtí 24 % sa tuarascáil a cuireadh isteach i nDeireadh Fómhair 2023;

- i gcás garspriocanna agus spriocanna don todhchaí (a bhí ceaptha a bheith críochnaithe sna 12 mhí i ndiaidh dháta na tuarascála), ní raibh aon athrú ar an gcion de gharspriocanna agus spriocanna a ndúradh go raibh moill orthu i.e. bhí sé sin ag 16 % i dTuarascáil Aibreán 2023 agus i dTuarascáil Dheireadh Fómhair 2023 araon.

---

[16] Airteagal 27 de Rialachán RRF.

## Tá roinnt imthosca ann a rannchuidíonn leis na moilleanna


**28** Ceann de na cuspóirí a bhí leis an iniúchadh seo ná na cúiseanna le moilleanna in ionsú cistí RRF a shainaithint. Rinneamar, dá bhrí sin, na cúiseanna leis na moilleanna a phlé leis na húdaráis náisiúnta le linn ár gcuairteanna iniúchóireachta ar an bhfód agus rinneamar anailís ar shampla de 42 infheistíocht sna ceithre Bhallstát inár sampla chun a mheasúnú cad iad na cúiseanna a bhí ag cur leis na moilleanna, i gcás inarb infheidhme é sin. Chomh maith leis sin, chuireamar ceist inár suirbhé ar chomhlachtaí comhordaithe RRF ag fiafraí díobh cad iad na himthosca a bhí ag cur leis na moilleanna san ionsú.

**29** Inár n-anailís, shainaithníomar roinnt cúiseanna leis na moilleanna i gcur chun feidhme na RRPanna:

- athruithe in imthosca seachtracha, ar nós boilsciú méadaithe agus ganntanas soláthair, chomh maith le hathruithe sa chomhthéacs polaitiúil sa Bhallstát a raibh tionchar aige sin ar athchóirithe;
- bearta nach raibh oiriúnach do chreat ama RRF agus gannmheastachán ar an méid ama a bhí ag teastáil chun iad a chur chun feidhme (mar gheall ar an bpróiseas soláthair phoiblí agus rialacha maidir le státchabhair);
- rialacha cur chun feidhme agus éiginnteachtaí faoin gcaoi ar chóir iad a chur i bhfeidhm (an treoraíocht maidir leis an bprionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH) agus comhlíonadh sásúil garspriocanna agus spriocanna);
- saincheisteanna a bhain le hacmhainneacht riaracháin agus rialacha casta ar an leibhéal náisiúnta.

**30** Thugamar faoi deara go raibh éagsúlacht ó Bhallstát go chéile sna cúiseanna leis na moilleanna i gcur chun feidhme na RRPanna agus nach iad na cúiseanna céanna atá ann i gcás athchóirithe agus i gcás infheistíochtaí. Tugann na freagraí ar ár suirbhé le fios cad iad na himthosca is coitianta a rannchuidíonn le moilleanna san ionsú (féach ***Fíor 6***).

## Fíor 6 – Minicíocht na gcúiseanna le moilleanna i mbaint amach garspriocanna agus spriocanna




*Nóta:* Bhí na freagróirí in ann níos mó ná freagra amháin a thabhairt ar an gceist trí na roghanna a bhí tugtha sa suirbhé a roghnú agus/nó trí chúiseanna breise a thabhairt.

*Foinse:* Suirbhé CIE ar chomhlachtaí comhordaithe RRF.

### Athruithe in imthosca seachtracha

**31** Sa treoraíocht ón gCoimisiún, dúradh go raibh sé tábhachtach go mbeadh smacht i gcónaí ag na Ballstáit ar gharspriocanna agus spriocanna agus nach mbeidís faoi choinníoll ag imthosca seachtracha amhail an t-ionchas maicreacnamaíoch nó athruithe sa mhargadh saothair[17].

**32** Ó cuireadh tús le RRF go luath in 2021, tá athruithe suntasacha tagtha ar chúrsaí geopholaitiúla, go háirithe leis an gcogadh foghach in aghaidh na hÚcráine ó Fheabhra 2022, rud ba chúis le boilsciú agus arduithe móra i bpraghsanna fuinnimh san Aontas Eorpach.

[17] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: 'Treoraíocht do Bhallstáit – Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta', SWD(2021) 12 final, Cuid 1/2, lch 34.

**33** Ní fhéadfaí na forbairtí sin ná a gcuid éifeachtaí (ar nós laghdú ar an spéis ó iarratasóirí i nglaonna áirithe ar thograí) a bhreithniú nuair a bhí na RRPanna á gcur isteach. Mar sin féin, chruthaigh siad riosca do bhaint amach tráthúil garspriocanna agus spriocanna áirithe, nó bhí tionchar diúltach acu cheana féin orthu. Dá bhrí sin, chruthaigh siad riosca do chur chun feidhme na mbeart (féach ***Bosca 1*** le haghaidh samplaí ónár sampla de bhearta).

### Bosca 1

### Samplaí de bhearta a raibh dúshláin ann dóibh mar gheall ar imthosca seachtracha

Bhí sé de sprioc idirmheánach ag an Spáinn 231 000 teaghais chónaithe a athchóiriú faoi dheireadh 2023, ach cuireadh moill air sin mar gheall ar éileamh níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ar obair athchóiriúcháin, rud a tharla mar gheall ar an mboilsciú agus go háirithe an t-ardú mór a tháinig ar phraghsanna amhábhar. Le linn an phróisis chun a RRP a leasú, mhol an Spáinn, dá bhrí sin, dáta dlite na sprice idirmheánaí a chur siar go ceann bliana chomh maith leis an líon iomlán athchóiriúchán a bhí le críochnú faoin mbeart a laghdú ó 510 000 go dtí 410 000. Tar éis don Choimisiún a mheasúnú a dhéanamh, ghlac sé leis an dá mholadh sin.

Bhí sé de sprioc ag an Iodáil fógra a thabhairt faoin dara ráithe de 2023 i dtaobh na gconarthaí poiblí go léir a bhí le dámhachtain chun 2 500 stáisiún mear-athluchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha a thógáil, ach cuireadh moill air sin mar gheall nár cuireadh iarratas ar bith isteach do chuid amháin den bheart. Tharla sé sin go príomha mar gheall ar ghanntanas in amhábhair. Mhol an Iodáil dá réir sin an chuid sin den bheart a chur siar, agus ghlac an Coimisiún leis an moladh sin.

**Creat ama RRF agus gannmheastachán ar an am a bhí ag teastáil chun bearta a chur chun feidhme**

**34** Sa treoraíocht ón gCoimisiún[18], iarradh ar na Ballstáit a thabhairt le fios ina RRPanna: an raibh píblíne aibí thionscadail ann, nó cad iad na céimeanna a bheadh riachtanach chun píblíne den sórt sin a chruthú. Rinneadh é sin don RRP ina iomláine agus, freisin, do gach aon chomhpháirt aonair ionas go sonrófaí conair shoiléir don chur chun feidhme, go gcuideofaí lena shainaithint cén áit a mbeadh tairbhe le baint as tacaíocht theicniúil agus go ndéanfaí ionsú a áirithiú.

[18] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: 'Treoraíocht do Bhallstáit – Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta', SWD(2021) 12 final, Cuid 1/2, lgh. 43 agus 45.

**35** Scrúdaíomar an raibh faisnéis faoina bheith ann do phíblíne aibí thionscadail in RRPanna na gceithre Bhallstát inár sampla. Ina theannta sin, rinneamar measúnú féachaint an raibh aon deacrachtaí le hionsú ag éirí as an gcás nach mbeadh tionscadail aibí go leor ag tús RRF nó nach mbeidís oiriúnach tríd is tríd do chreat ama RRF.

**36** Le linn ár n-agallaimh, dúirt na húdaráis náisiúnta nach raibh an fhaisnéis nó an leibhéal mionsonraí a bhí le cur ina RRPanna maidir le haibíocht na bpíblínte tionscadail soiléir, mar nach raibh an méid sin sonraithe sa treoraíocht ón gCoimisiún. Sna RRPanna do na Ballstáit inár sampla, bhí na tuairiscí a tugadh ina leith sin teoranta. Mar shampla:

- i gcás na Spáinne: ní raibh ráite i dtaobh na haibíochta i dtrí cinn de na 10 mbeart roghnaithe ach go mbeadh an aibíocht mar chritéar chun tionscadail a roghnú;
- i gcás na hIodáile: ní raibh luaite i gcúig cinn de na 10 mbeart roghnaithe ach go ndearnadh iad a roghnú de dhroim na treoraíochta ón gCoimisiún a mhol tús áite a thabhairt do thionscadail aibí.

**37** Sa phlé a bhí againn leis na húdaráis náisiúnta, chuir siadsan in iúl dúinn gurbh é deireadh an scéil é nach raibh cuid de na bearta a bhí ina gcuid RRPanna oiriúnach do chreat ama RRF. Baineann sé sin go sonrach le tionscadail nuálacha, atá – de réir a nádúir – níos deacra le pleanáil agus gur dóchúla go mbeidh bacainní ann dá gcur chun feidhme (féach ***Bosca 2*** le haghaidh sampla as ár sampla de bhearta). Sa tuairim a d’eisíomar i dtaca leis an togra chun Rialachán RRF a leasú ar mhaithe le freastal ar chaibidlí REPowerEU, thugamar ar aire go bhféadfadh sé nach mbeadh sé indéanta cuid de bhearta REPowerEU, go háirithe na bearta sin a bhí ag déileáil le cuspóirí fadtéarmacha, a chur chun feidhme laistigh de chreat ama RRF[19].

[19] Tuairim 04/2022 maidir leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, Rialachán (AE) 2021/2115, Treoir 2003/87/CE agus Cinneadh (AE) 2015/1814 [2022/0164 (COD)], mír 7 agus míreanna 12-14.

### Bosca 2

### Samplaí de bhearta a bhfuil dúshláin ann dóibh mar gheall nach bhfuil siad oiriúnach do chreat ama RRF

In RRP na Rómáine, áiríodh infheistíocht chun líonra dáileacháin atá ullamh don hidrigin a thógáil. Le linn ár gcuairte, áfach, dúirt na húdaráis sa Rómáin go raibh imní orthu nach raibh an infheistíocht sin sách oiriúnach do chreat ama RRF. Is iad na príomhchúiseanna a tugadh ná go raibh nádúr nuálach ag baint leis an tionscadal agus go raibh éiginnteachtaí ann faoin gcreat dlíthiúil agus oibríochtúil, chomh maith le rioscaí éagsúla a bheith ann don chur chun feidhme – ar rioscaí iad sin a bhain le gnéithe teicniúla. Ní raibh aon dul chun cinn déanta ar an infheistíocht sin ag tráth ár n-iniúchóireachta, agus bhí sé molta ag na húdaráis sa Rómáin an fobheart a bhain le líonra dáileacháin le haghaidh gáis in-athnuaite a bhaint as an RRP; rud ar ghlac an Coimisiún leis.

In RRP na hIodáile, áiríodh infheistíocht chun bonneagar ginte leictreachais amach ón gcósta a fhorbairt, lena n-áirítear teicneolaíochtaí turgnamhacha a úsáideann feachtaí mara agus tonnghluaiseacht chun fuinneamh glan a tháirgeadh. Ag éirí as comhairliúcháin phoiblí agus tuilleadh imscrúduithe a rinne na húdaráis san Iodáil, tháinig sé chun solais nach raibh an próiseas údarúcháin le haghaidh tionscadail a thairbheodh ón mbeart ag teacht le tréimhse cur chun feidhme RRF. Dá bhrí sin, mhol na húdaráis san Iodáil go ndéanfaí an beart a bhaint as an RRP, agus ghlac an Coimisiún leis an moladh sin tar éis dó a mheasúnú ar an gceist a dhéanamh.

**Saincheisteanna a bhaineann le soláthar poiblí agus le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le státchabhair**

**38** Luaigh na húdaráis náisiúnta go minic go raibh soláthar poiblí agus comhlíonadh na rialacha maidir le státchabhair ina gcúis le cur chun feidhme tionscadail a bheith ag tógáil níos faide ná mar a bhíothas ag dréim leis. Ní rud nua iad ceachtar de na himthosca sin, agus ní le RRF amháin a bhaineann siad. Tugann sé sin le tuiscint nach iad na rialacha iad féin ba chúis leis na moilleanna ach gurb é go ndearnadh gannmheastachán nuair a bhí bearta á roghnú le cur isteach sna RRPanna ar an méid ama a thógfadh sé na rialacha a chur i bhfeidhm.

**39** Bhí an córas soláthair phoiblí ar cheann de na réimsí a raibh tionchar ag athruithe atá tarlaithe ó shin sa timpeallacht eacnamaíoch orthu i gcomparáid leis an uair a ullmhaíodh na RRPanna. Go sonrach, d’fhág an t-ardú i bpraghsanna agus an ganntanas soláthairtí gurbh éigean na nósanna imeachta soláthair phoiblí a choigeartú nó nár éirigh leo ar chor ar bith i gcás cuid de na bearta inár sampla.

**40** Maidir le státchabhair, meabhraítear i Rialachán RRF go bhfuil feidhm leis na rialacha ginearálta maidir le státchabhair agus gur cheart do na Ballstáit a chinntiú go mbíonn na hathchóirithe agus infheistíochtaí go léir atá ina RRPanna ag comhlíonadh na rialacha Eorpacha maidir le státchabhair agus go ndéanfaidís de réir na nósanna imeachta go léir maidir le státchabhair[20]. D'fhoilsigh an Coimisiún teimpléid treoraíochta chun cabhrú leis na Ballstáit na gnéithe státchabhrach dá RRPanna a dhearadh agus chun treoraíocht a thabhairt i ndáil le gnéithe de na cineálacha infheistíochtaí a measadh a bheadh coiteann dá bhformhór[21].

**41** Mar sin féin, thóg sé go leor ama na scéimeanna státchabhrach a dhearadh agus formheas a fháil ina leith, agus ba mhinic leis na húdaráis sna Ballstáit gannmheastachán a dhéanamh ar an bhfad a mhairfeadh imeachtaí sa Choimisiún nuair a chuir siad na bearta isteach ina RRPanna (féach ***Bosca 3*** le haghaidh sampla as ár sampla de bhearta).

### Bosca 3

### Sampla de bheart a raibh dúshláin ann dó a bhain leis an bpróiseas soláthair phoiblí agus le státchabhair

In RRP na Rómáine, áiríodh infheistíocht chun monarchana a chur ar bun ina ndéanfaí ceallraí agus cealla agus painéil fhótavoltacha a tháirgeadh, a chóimeáil agus a athchúrsáil. Ba í an chéad gharsprioc, a raibh sé beartaithe í a bheith bainte amach sa tríú ráithe de 2022, ná na conarthaí ábhartha a bheith sínithe. Bhí moill d'os cionn 8 mí ann, áfach, sular baineadh amach an gharsprioc sin.

Rinne na húdaráis sa Rómáin an nós imeachta réamhfhógra don scéim státchabhrach a sheoladh i mBealtaine 2022. Mhair an próiseas sin 7 mí. Dá thoradh sin, ní dhearnadh an scéim státchabhrach a fhógairt go hoifigiúil don Choimisiún go dtí Nollaig 2022. Sheol na húdaráis an glao ar thograí le haghaidh na hinfheistíochta in Eanáir 2023, a raibh clásal fionraíochta ann ós rud é nach raibh an scéim státchabhrach i bhfeidhm go fóill, agus rinne siad, aon uair amháin, fadú a chur leis an spriocdháta chun iarratais a chur isteach. Ní dhearnadh an scéim státchabhrach a fhormheas go dtí Feabhra 2023. Thug ár bplé leis na húdaráis sa Rómáin chun solais gurb í an éiginnteacht maidir le bailíocht na scéime státchabhrach ba chúis le ráta íseal freagartha.

---

[20] Aithris 8 de Rialachán RRF.

[21] An Coimisiún Eorpach, 'Treoraíocht phraiticiúil do na Ballstáit chun láimhseáil ghasta a dhéanamh ar na fógraí Státchabhrach faoi chuimsiú na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta'.


**Saincheisteanna a bhaineann le hacmhainneacht riaracháin**

**42** Thug an Coimisiún ar aire[22] go bhfuil sé bunriachtanach go gcuirfeadh na Ballstáit feabhas ar a n-acmhainneachtaí riaracháin le go mbeidís in ann tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint as RRF agus as cistí Eorpacha eile, agus le go mbeidís in ann rannchuidiú le ráta méadaithe den ionsú. Scrúdaíomar, dá bhrí sin, an bhféadfadh sé go raibh na méideanna a bhí ar fáil le caitheamh ag na riaracháin náisiúnta sa tréimhse airgeadais reatha ag cruthú rioscaí don ionsú.

**43** Tugaimid ar aire, i gcuid de na Ballstáit, gurb é an toradh a bhí ar chur chun feidhme RRF ná gur tháinig méadú suntasach ar na méideanna a bhí le caitheamh, le 14 thír ann a fuair ar a laghad a dhá oiread de mhaoiniú le haghaidh thréimhse 2021-2027 le hais mar a fuair siad le haghaidh 2014-2020 (féach ***Fíor 7***).

[22] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: 'Treoraíocht do Bhallstáit – Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta', SWD(2021) 12 final, Cuid 1/2, lch. 45.

## Fíor 7 – Comparáid idir an cistiú a leithdháileadh ar na Ballstáit i dtréimhse 2014-2020 agus i dtréimhse 2021-2027 – Comhtháthú agus RRF




*Foinse:* CIE, bunaithe ar shonraí ón gCoimisiún (Buiséad Fadtéarmach 2021-2027 an Aontais agus NextGenerationEU agus RRF: Nuashonrú na ranníocaíochta uasta airgeadais), ar shonraí ó Pharlaimint na hEorpa agus ar shonraí ó Eurostat.

**44** Thairis sin, thángamar ar na conclúidí seo a leanas i bhfoilseacháin a d'eisíomar roimhe seo:

- i gcás na mBallstát sin a raibh cistiú comhtháthaithe ina sciar suntasach d'infheistíochtaí poiblí cheana féin acu[23], bheadh sé ina dhúshlán ar leith acu méid suntasach méadaithe de chistí an Aontais a ionsú i dtréimhse 2021-2027 le tabhairt isteach RRF[24];
- le cur chun feidhme comhthreomhar agus moillithe roinnt ionstraimí éagsúla, méadaítear an riosca go gcaillfidh Ballstáit amach ar chistiú[25];
- dhealraigh sé go raibh tacaíocht shuntasach ó RRF á fáil ag cuid de na Ballstáit a raibh an ráta ionsúcháin is ísle acu sa tréimhse chlársceidealaithe reatha[26];
- ní raibh na córais faireacháin nó comhlachtaí cur chun feidhme RRF i bhfeidhm fós go pointe áirithe nuair a rinneadh na RRPanna a fhormheas, rud a chuir teorainn le measúnú an Choimisiúin ar a n-acmhainneacht riaracháin[27].

**45** Ina theannta sin, mheas 57 % de na comhlachtaí comhordaithe RRF a ndearnamar suirbhé orthu gur dhóchúil nó gurbh an-dóchúil gur dúshlán a bheadh ann cistí RRF a ionsú sa bhreis ar chistí AE eile i dtréimhse 2021-2027. Thuairiscigh an Coimisiún freisin ina mheastachán meántéarma go raibh deacrachtaí ag cuid de na Ballstáit leis an méadú san ualach oibre ó cuireadh tús le RRF, agus, dá bhrí sin, go gcaithfear leanúint de na hiarrachtaí le feabhas a chur ar acmhainneachtaí na riarachán náisiúnta[28].

---

[23] An Bhulgáir, an Eastóin, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, an Ungáir, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin agus an tSlóvaic.

[24] Athbhreithniú 1/2023: Maoiniú AE tríd an mbeartas comhtháthaithe agus tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta – Anailís chomparáideach', mír 53.

[25] Tuarascáil Bhliantúil a bhaineann le bliain airgeadais 2022, Caibidil 2: Bainistiú buiséadach agus airgeadais, mír 2.65.

[26] Tuairim Uimh. 6/2020 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (COM(2020) 408), mír 32.

[27] Tuarascáil speisialta 21/2022: 'Measúnú an Choimisiúin ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta', míreanna 98-105.

[28] An Coimisiún Eorpach, 'An tAontas a neartú trí athchóirithe agus infheistíochtaí uaillmhianacha' (COM(2024) 82 final), lch. 15.

**46** Na saincheisteanna a bhaineann le hacmhainneacht riaracháin, áfach, ní mar a chéile a dhéanann siad difear do na Ballstáit go léir: bhí thart ar an tríú cuid de na comhlachtaí comhordaithe inár suirbhé a dúirt nár mheas siad gur ábhar imní é. Bhí sé sin fíor go háirithe i gcás na mBallstát a raibh an leithdháileadh de chistiú RRF a fuair siad íseal i gcoibhneas lena OTI agus/nó i gcoibhneas le cistiú a fuair siad faoi ionstraimí cistiúcháin eile de chuid an Aontais. Cúis eile a tugadh sa suirbhé lena mheas nach ábhar imní a bhí san acmhainneacht riaracháin ná go raibh struchtúir shonracha cruthaithe ag na Ballstáit lena mbaineann (e.g. aonaid laistigh de na húdaráis náisiúnta a bhí ag déileáil go sonrach le RRF) chun cur chun feidhme RRF a éascú.

**Éiginnteacht faoin gcaoi le rialacha sonracha le haghaidh chur chun feidhme RRF a chur i bhfeidhm**

**47** Tá sraith rialacha sonracha i Rialachán RRF a bhaineann lena chur chun feidhme:

- is bearta a chomhlíonann an **prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH)**[29], agus iad sin amháin, ar cheart do RRF a bheith ag tacú leo. Is é RRF an chéad ionstraim a bhfuil DNSH leagtha síos inti mar choinníoll don chistiú. Sonraítear i Rialachán RRF freisin gur chóir don Choimisiún treoraíocht theicniúil a thabhairt faoin gcaoi le prionsabal DNSH a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs RRF[30];
- tá ar an gCoimisiún measúnú a dhéanamh, ar a dhéanaí laistigh de 2 mhí ón uair a fhaigheann sé iarraidh ar íocaíocht, féachaint an bhfuil na **garspriocanna agus spriocanna** ábhartha atá leagtha amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle **comhlíonta go sásúil**. Ba chóir na sonraíochtaí breise atá sna socruithe oibríochtúla a chur san áireamh freisin don mheasúnú sin[31].

**48** Le linn ár bplé leis na húdaráis sna Ballstáit, thug siad le fios go raibh cur i bhfeidhm na rialacha éagsúla cur chun feidhme agus an éiginnteacht faoin gcaoi lena gcur i bhfeidhm ar cheann de na dúshláin a bhí ag cur isteach ar gharspriocanna agus spriocanna a bhaint amach go tráthúil agus, dá réir sin, a bhí ag cur isteach ar an ionsú.

---

29 Airteagal 5 de Rialachán RRF.

30 An Coimisiún Eorpach, Treoraíocht theicniúil maidir le 'gan dochar suntasach a dhéanamh' a chur i bhfeidhm faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (2021/C 58/01).

31 Airteagal 24(3) de Rialachán RRF.

**49** Cé gur thug an Coimisiún treoraíocht theicniúil, chomh maith le faisnéis bhreise i bpléití neamhfhoirmiúla, is rud úrnua a bhí i gceist le prionsabal DNSH a chur i bhfeidhm agus, dá réir sin, mheas na húdaráis náisiúnta go raibh dúshlán i gceist leis na forálacha a bhí ag freagairt don phrionsabal sin.

**50** Chuir an Coimisiún a mheasúnú ar iarrataí ar íocaíochtaí ar fionraí chun tuilleadh faisnéise a lorg ar na Ballstáit inár sampla faoi chomhlíonadh na ngarspriocanna agus spriocanna aon uair ab ábhartha é sin a dhéanamh. Léiríonn ár sampla de bhearta nach í an tuiscint chéanna a bhí ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit lena mbaineann ar cad a bhí i gceist le 'comhlíonadh sásúil garspriocanna agus spriocanna' i gcás cuid de na bearta sin. Rinneadh tuilleadh plé agus caitheadh tuilleadh ama chun na difríochtaí sin a réiteach.

**51** Cé gur thug an Coimisiún soiléiriú cás ar chás ar bhonn déthaobhach i dtaobh bhaint amach sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna, níor eisíodh an treoraíocht go dtí Feabhra 2023[32]. Ina ainneoin sin, léiríonn ár suirbhé go bhfuil 65 % de na comhlachtaí comhordaithe RRF sna Ballstáit ag aontú nó ag aontú go láidir go bhfuil an sainmhíniú ar 'chomhlíonadh sásúil' ag cruthú riosca d'ionsú tráthúil na gcistí (féach ***Iarscríbhinn I***).

**52** I ***mBosca 4***, tugtar samplaí de bhearta inár sampla a raibh dúshláin ann dóibh a bhain leis na rialacha sonracha le haghaidh chur chun feidhme RRF agus an éiginnteacht faoin gcaoi le hiad a chur i bhfeidhm.

---

[32] An Coimisiún Eorpach, 'An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: Dhá bhliain ar an bhfód – Ionstraim uathúil atá i gcroílár chlaochlú glas agus digiteach an Aontais', Iarscríbhinn I (COM(2023) 99 final).

## Bosca 4

### Sampla de bhearta a raibh dúshláin ann dóibh a bhain leis na rialacha sonracha le haghaidh chur chun feidhme RRF agus an éiginnteacht faoin gcaoi le hiad a chur i bhfeidhm.

An prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' (DNSH)

In RRP na hIodáile, áiríodh infheistíocht chun líon áirithe ciliméadar de bhonneagar iompair phoiblí a thógáil i limistéir mheitreapholaiteacha shonracha. Le linn ár n-iniúchóireachta, dúirt na húdaráis san Iodáil linn go raibh ábhair imní ann ó thaobh an beart sin a chomhlíonadh go tráthúil, agus ceann de na cúiseanna a luaigh siad ná nach bhféadfadh ceann de na tionscadail an prionsabal DNSH a chomhlíonadh mar go raibh sé suite i limistéar bolcánach. I ndeireadh na dála, d'iarr siad modhnú a dhéanamh ar an mbeart trí thagairtí sonracha do cheann de na suímh ina mbeadh an bonneagar le forbairt a bhaint as, agus garsprioc a bhain le dámhachtain an chonartha a chur in ionad na sprice tosaigh. Ghlac an Coimisiún leis an moladh.

Comhlíonadh sásúil garspriocanna agus spriocanna

In RRP na Rómáine, áiríodh infheistíocht chun comhghiniúint teasa agus cumhachta a fhorbairt i gcórais téimh ceantair le toilleadh táirgthe leictreachais suiteáilte de 300 meigeavata (MW) ar a laghad. Ba é síniú na gconarthaí an chéad gharsprioc don bheart seo, agus ba é an sprioc a bhí ag éirí as sin ná toilleadh de 300 MW a choimisiúnú.

Tar éis don chéad bhaisc conarthaí a bheith curtha isteach, thug an Coimisiún le fios go mb'ábhar imní dó bailíocht na gconarthaí agus gur mheas sé go mb'fhéidir nach mbeidís leordhóthanach chun an sprioc de 300 MW a chlúdach. Chuir na húdaráis sa Rómáin conarthaí breise isteach ansin, agus mhaígh siad go gclúdóidís sin toilleadh iomlán de 349 MW. Mhaígh siad freisin go raibh a dtuiscint tosaigh ar an ngarsprioc curtha as riocht ag neamhréireachtaí áirithe idir na leaganacha Béarla agus Rómáinise de na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle agus de na socruithe oibríochtúla.

D'fhág sé sin gur mhair an measúnú 6 mhí, agus ag deireadh an mheasúnaithe sin tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh an gharsprioc comhlíonta go sásúil fós, mar nach raibh dearbhú réasúnach tugtha ag na húdaráis sa Rómáin go raibh na conarthaí a bhí sínithe nasctha le riachtanais téimh ceantair na tíre. Sa bhreis air sin, mheas an Coimisiún nach raibh measúnú cruinn déanta ag na húdaráis féachaint an raibh na ceanglais a bhí leagtha síos sa ghlao ar thograí comhlíonta sna hiarratais. Dá thoradh sin, rinne sé cuid den íocaíocht i dtrácht a chur ar fionraí.

### Ní móide go bhfuil na cistí atá eisíoctha tagtha chomh fada leis na faighteoirí deiridh go fóill, agus níl úsáid chomhsheasmhach á baint i gcónaí as an téarma 'faighteoir deiridh'

**53** I gcomhthéacs RRF, meastar go bhfuil cistiú ionsúite ón uair a dhéantar é a íoc amach leis na Ballstáit, ina gcáil mar thairbhithe chistí RRF. Dá réir sin, ní chiallaíonn ionsú go bhfuil na cistí sin tagtha chomh fada leis na faighteoirí deiridh (féach mír ***11***). Chun go bhfaighimis faisnéis faoin gcistiú RRF a bhí curtha isteach cheana féin san fhíorgheilleagar, áfach, chuireamar ceisteanna ar na Ballstáit faoi na nithe seo a leanas: (i) an sciar de chistiú RRF a íocadh amach as an mbuiséad náisiúnta leis na faighteoirí deiridh; agus (ii) an áit a bhfuil an cistiú RRF atá faighte go dtí seo acu ón gCoimisiún.

**54** I nDeireadh Fómhair 2023, chuamar i dteagmháil leis na 22 Bhallstát a raibh cistí RRF faighte acu chun a iarraidh orthu faisnéis a thabhairt faoin áit a bhfuil na cistí sin faoi láthair. Cé go raibh cuid acu nár thug an fhaisnéis sin (trí cinn) nó a thug faisnéis a bhí neamhiomlán nó easnamhach (ceithre cinn), fuaireamar amach i gcás na 15 Bhallstát a thug an fhaisnéis sin go raibh thart ar leath na gcistí a fuarthas tagtha chomh fada leis na faighteoirí deiridh.

**55** Amhail ó Mhárta 2023, tá sé d'oibleagáid ar na Ballstáit a nochtadh go poiblí cé hiad na 100 faighteoir deiridh atá ag fáil an méid is mó de chistiú le haghaidh chur chun feidhme na mbeart atá ina RRPanna, agus na liostaí sin a nuashonrú faoi dhó sa bhliain,[33] leis an aidhm go méadófar an trédhearcacht ó thaobh úsáid chistí RRF[34]. Sa treoraíocht ón gCoimisiún[35], is é an sainmhíniú a tugadh ar 'fhaighteoir deiridh' ná an t-eintiteas deireanach a fhaigheann cistí agus nach conraitheoir ná fochonraitheoir é an t-eintiteas sin. Inár n-anailís ar na liostaí sin, áfach, thugamar faoi deara nach í an tuiscint chéanna atá ag na Ballstáit go léir, i gcás bearta comhchosúla, ar an téarma 'faighteoir deiridh'. Mar shampla:

- i gcás bearta a bhaineann le soláthar airgeadais do ghnólachtaí, bhí institiúidí a dheonaíonn an cistiú ar an leibhéal náisiúnta nó fiú ar an leibhéal Eorpach (amhail an Banc Eorpach Infheistíochta, an Ciste Eorpach Infheistíochta nó an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha) i measc na bhfaighteoirí deiridh de réir na tuisceana ar an téarma a bhí ag cuid de na Ballstáit, ach i mBallstáit eile is éard a tuigeadh leis an téarma ná go rabhthas ag tagairt do na gnólachtaí a fuair an maoiniú;

- i gcás bearta a bhain le hathnuachan fuinnimh i bhfoirgnimh phoiblí, is aireachtaí/ranna rialtais nó cathracha a bhí taifeadta mar fhaighteoirí deiridh i gcuid de na Ballstáit, agus i mBallstáit eile is cuideachtaí fuinnimh phoiblí nó gnólachtaí príobháideacha a bhí i gceist;

- i gcás bearta a bhain le soláthar feistí digiteacha san oideachas, is aireachtaí/ranna rialtais nó cathracha a bhí taifeadta mar fhaighteoirí deiridh i gcuid de na Ballstáit, agus i mBallstáit eile is iad na hollscoileanna nó scoileanna iad féin a bhí i gceist.

**56** Dheimhnigh na húdaráis náisiúnta inár gcruinnithe leo gur féidir tuiscintí éagsúla a bhaint as an sainmhíniú reatha ar an téarma 'faighteoir deiridh'.

---

[33] Airteagal 25(a) de Rialachán (AE) 2023/435 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE.

[34] An Coimisiún Eorpach, Treoraíocht maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhthéacs REPowerEU (2023/C 80/01), lch. 34.

[35] An Coimisiún Eorpach, Treoraíocht maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhthéacs REPowerEU (2023/C 80/01), lch. 34.

## Rinne an Coimisiún agus na Ballstáit bearta chun ionsú a éascú, ach tá sé róluath le measúnú a dhéanamh féachaint an raibh tionchar dearfach ag na bearta sin

**57** Rinne an Coimisiún agus na Ballstáit bearta áirithe chun ionsú a éascú, ar a n-áirítear an méid seo a leanas:

- leasuithe ar na RRPanna chun aghaidh a thabhairt ar athruithe in imthosca seachtracha;
- tacaíocht agus treoraíocht ón gCoimisiún chun an éagsúlacht sa tuiscint ar na rialacha cur chun feidhme a laghdú;
- bearta chun an acmhainneacht riaracháin a mhéadú; agus
- córas a chur ar bun chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF.

**58** Rinneamar anailís féachaint ar dhócha go dtabharfadh na bearta a rinneadh aghaidh ar na saincheisteanna a bhí sainaitheanta.

### D'iarr gach ceann de na Ballstáit inár sampla go ndéanfaí leasuithe ar a gcuid RRPanna, ach ní léir fós cén tionchar a bheidh aige sin ar ionsú

**59** Tá sé leagtha síos i Rialachán RRF cad iad na coinníollacha faoina bhféadfaidh Ballstát a RRP a mhodhnú (féach mír ***06***). Sa treoraíocht ón gCoimisiún chuig na Ballstáit, tugtar tuilleadh mionsonraí faoin uair agus faoin gcaoi ar féidir le Ballstáit athbhreithnithe den sórt sin a iarraidh.

**60** I gcás na 42 bheart inár sampla, rinneamar measúnú féachaint cá mhéad díobh a ndearnadh leasuithe orthu, agus rinneamar measúnú freisin ar nádúr na leasuithe sin (féach mír ***06***). Tugaimid ar aire go ndearna leasú difear do 27 de na bearta sa sampla (64 %), lena n-áirítear 23 ar an mbunús nach bhféadfaí garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach mar gheall ar 'imthosca oibiachtúla' (Airteagal 21(1) de Rialachán RRF). Bhain na leasuithe sin go príomha le spriocanna a ísliú, le tabhairt chun críche na mbeart a chur siar nó le bearta a bhaint as an RRP (féach ***Tábla 1***).

### Tábla 1 – Athruithe a iarradh a dhéanamh ar na bearta inár sampla

| Ballstát | An líon beart sa sampla | An líon ar iarradh leasuithe ina leith | An líon a ndearna an Coimisiún measúnú dearfach ina leith | An líon ar iarradh leasú ina leith bunaithe ar Airteagal 21 | Samplaí de na hathruithe a moladh |
|---|---|---|---|---|---|
| An Iodáil | 10 | 10 | 10 | 10 | An tuairisc ar an mbeart a athrú<br>Spriocanna a ísliú<br>Tabhairt chun críche a chur siar<br>Beart a bhaint as ar fad |
| An Rómáin | 11 | 4 | 4 | 2 | Spriocanna a ísliú<br>Garsprioc a bhaint as ar fad |
| An tSlóvaic | 11 | 8 | 8 | 7 | Spriocanna a ísliú<br>Tabhairt chun críche a chur siar |
| An Spáinn | 10 | 5 | 5 | 4 | Spriocanna a ísliú<br>Tabhairt chun críche a chur siar |
| **Iomlán** | **42** | **27** | **27** | **23** | |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar na RRPanna leasuithe.

**61** Ní luaitear go soiléir i Rialachán RRF cad go díreach atá i gceist le ‘himthosca oibiachtúla’ a bheadh ina mbonn cirt do leasuithe a iarraidh. I bhFeabhra 2023, áfach, d’eisigh an Coimisiún treoraíocht maidir leis na RRPanna i gcomhthéacs REPowerEU[36] inar tugadh soiléiriú breise ar na himthosca oibiachtúla sin, agus chomh maith leis sin inar tugadh samplaí.

**62** Tríd is tríd, mhol na Ballstáit leasuithe ar na RRPanna chun réiteach a sholáthar i gcás bearta nach bhféadfaí a bhaint amach a thuilleadh ar aon slí eile. D’fhéadfadh sé, dá bhrí sin, gur éascaigh siad an t-ionsú. Deir an treoraíocht ón gCoimisiún, áfach, nár chóir go laghdódh athruithe beartaithe an uaillmhian fhoriomlán atá sna RRPanna[37], ach bhí an ghné sin lasmuigh de scóip ár n-iniúchóireachta.

**63** Ina theannta sin, bhí 58 % de na 26 chomhlacht comhordaithe RRF a d’fhreagair ár suirbhé ag aontú nó ag aontú go láidir go mbeadh tuilleadh treoraíochta ón gCoimisiún maidir leis an bpróiseas agus na coinníollacha a ghabhann leis na RRPanna a leasú riachtanach chun a chinntiú go ndéantar cistí a ionsú go tráthúil. Ina theannta sin, ní raibh ach 46 % díobh a mheas gur tugadh an treoraíocht go pras.

---

[36] An Coimisiún Eorpach, ‘Treoraíocht maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhthéacs REPowerEU’ (2023/C 80/01), lgh. 11-12.

[37] An Coimisiún Eorpach, ‘Treoraíocht maidir le Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta i gcomhthéacs REPowerEU’ (2023/C 80/01), lch. 12.

## Sholáthair an Coimisiún treoraíocht maidir leis na rialacha sonracha le haghaidh chur chun feidhme RRF, ach is féidir tuiscintí éagsúla a bhaint as na rialacha sin fós

### Comhlíonadh sásúil garspriocanna agus spriocanna agus páirtíocaíochtaí

**64** Chun ionsú a éascú, sholáthair an Coimisiún treoraíocht do na Ballstáit agus rinne sé éascú ó thaobh dea-chleachtais a mhalartú i measc na mBallstát. An 21 Feabhra 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún a chreat chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna mar aon lena mhodheolaíocht chun cinneadh a dhéanamh faoi íocaíocht a chur ar fionraí[38]. Thugamar faoi deara go raibh sé dhá bhliain i ndiaidh thús thréimhse cur chun feidhme RRF nuair a sholáthair an Coimisiún an mhodheolaíocht sin agus gur féidir í a thuiscint ar bhealaí éagsúla, go háirithe ós rud é gur minic a bhíonn garspriocanna agus spriocanna sainmhínithe ar bhealach doiléir[39]. Thairis sin, is faoi bhreithiúnas an Choimisiúin féin go pointe áirithe fós é an cinneadh an bhfuil íocaíochtaí le laghdú mura bhfuil garspriocanna nó spriocanna áirithe comhlíonta[40].

**65** Ina theannta sin, deirtear sa mhodheolaíocht nár cheart breathnú ar ghnéithe de na socruithe oibríochtúla (amhail an sásra fíorúcháin agus na céimeanna faireacháin) mar cheanglais le linn an mheasúnaithe, cé – mar atá ráite againn i dtuarascálacha iniúchóireachta roimhe seo – go bhfágann an fhaisnéis a thugtar sa sásra fíorúcháin go bhfuil na garspriocanna i bhfad níos soiléire nó níos intomhaiste i gcomparáid leis na tuairiscí atá tugtha sna Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle[41].

---

[38] An Coimisiún Eorpach, 'An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: Dhá bhliain ar an bhfód – Ionstraim uathúil atá i gcroílár chlaochlú glas agus digiteach an Aontais', (COM(2023) 99 final), Iarscríbhinní I agus II.

[39] Tuarascáil speisialta 21/2022: 'Measúnú an Choimisiúin ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta – Iomchuí ar an iomlán, ach tá rioscaí fós ann don chur chun feidhme', mír 82.

[40] Tuarascálacha Bliantúla a bhaineann le bliain airgeadais 2022, Caibidil 11: An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, míreanna 11.19 agus 11.37.

[41] Tuarascáil speisialta 26/2023: 'Creat faireacháin feidhmíochta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta – Dul chun cinn sa chur chun feidhme á thomhas, ach ní leor é chun léargas a thabhairt ar an bhfeidhmíocht', míreanna 28-29.

**66** Léiríonn torthaí ár suirbhé ar chomhlachtaí comhordaithe RRF go raibh siad mórán leath agus leath ina dtuairim i dtaobh ar tugadh an treoraíocht go pras agus an raibh sé inrochtana go héasca, agus chomh maith leis sin an éascódh sé ionsú. Bhí 61 % de chomhlachtaí comhordaithe RRF, áfach, ag aontú nó ag aontú go láidir go raibh gá fós le tuilleadh treoraíochta agus faisnéise ón gCoimisiún.

**An prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'**

**67** Mar atá luaite i mír ***47***, is é RRF an chéad ionstraim inar tugadh isteach an prionsabal DNSH mar choinníoll don chistiú. D'fhoilsigh an Coimisiún a threoraíocht theicniúil maidir le feidhm phrionsabal DNSH luath go maith. Le linn ár gcuairteanna iniúchóireachta, áfach, dúirt na húdaráis sna Ballstáit linn go raibh sé dúshlánach an prionsabal sin a chur i bhfeidhm mar gheall ar chomh casta a bhí sé, in ainneoin na tacaíochta a bhí tugtha ag an gCoimisiún.

**68** Deimhníodh é sin freisin sna freagraí ar an suirbhé a sheolamar chuig comhlachtaí cur chun feidhme RRF, le isteach agus amach le 60 % den tuairim go mbeadh gá le tuilleadh treoraíochta maidir le feidhmiú an phrionsabail DNSH chun ionsú tráthúil chistí RRF a áirithiú. I Meán Fómhair 2023, d'fhoilsigh an Coimisiún treoraíocht bhreise maidir le feidhmiú phrionsabal DNSH[42]. Tá sé róluath lena mheasúnú ar thug an treoraíocht sin aghaidh ar na dúshláin a bhí roimh na Ballstáit go dtí seo.

## Rinne na Ballstáit inár sampla gníomhaíochtaí chun acmhainneacht riaracháin a mhéadú, ach tá ganntanais foirne fós orthu

**69** Ina threoraíocht maidir leis na RRPanna, dúirt an Coimisiún má bhí cur chun feidhme éifeachtach le háirithiú sa chaoi go leanfadh athchóirithe agus infheistíochtaí ar aghaidh faoi mar a bhí beartaithe go gcaithfeadh na Ballstáit úsáid éifeachtúil a bhaint as a gcuid acmhainní agus a áirithiú go raibh an acmhainneacht riaracháin a bhí riachtanach acu[43].

---

[42] Fógra ón gCoimisiún C(2023) 6454 final: 'Treoir theicniúil maidir le cur i bhfeidhm "gan dochar suntasach a dhéanamh" faoin Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta'.

[43] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: 'Treoraíocht do Bhallstáit – Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta', SWD(2021) 12 final, Cuid 1/2, lch. 45.

**70** Maidir leis na Ballstáit inár sampla, bhí roinnt beart leagtha amach acu chun a n-acmhainneacht riaracháin a neartú ó thaobh RRF a chur chun feidhme. Ina measc sin, bhí tuilleadh daoine a earcú ar an bhfoireann, tacaíocht oibríochtúil a thabhairt agus nósanna imeachta riaracháin a shimpliú. Tá dúshláin áirithe fós ann, áfach:

- In RRP na Spáinne, áiríodh athchóirithe sonracha chun riarachán poiblí na tíre a nuachóiriú trína chreat soláthair phoiblí a neartú, trí fheabhas a chur ar nósanna imeachta earcaíochta agus trí chóras a fhorbairt chun bainistiú agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF. Níor tugadh cuid de na bearta chun críche chomh tapa agus a measadh ar dtús, áfach. Ina measc sin bhí athchóiriú trína neartófaí cumas an riaracháin daoine a mhealladh chun na foirne agus daoine a choinneáil ar an bhfoireann – ar athchóiriú é sin a ndearna Parlaimint na Spáinne é a fhormheas faoi dheoidh i Nollaig 2023. Ina theannta sin, tugadh ar aire i dtuarascáil a d'eisigh uasfhoras iniúchóireachta na Spáinne in Aibreán 2023 go raibh dúshláin ag baint le hacmhainní daonna a phleanáil go cuí agus lena chinntiú go mbeadh dóthain acmhainní ann (go háirithe ar an leibhéal réigiúnach) chun RRF a chur chun feidhme[44].
- In RRP na Rómáine, áiríodh sraith athchóirithe chun feabhas a chur ar cháilíocht a riaracháin phoiblí. Chomhlíon an Rómáin an gharsprioc maidir le creat institiúideach a bhunú don RRP agus sainordú dlíthiúil a leagan síos le haghaidh na gcomhlachtaí ábhartha. Rinneadh roinnt moltaí inar iarradh go ndéanfaí atheagar ar an gcomhlacht comhordaithe RRF, lena n-áirítear an líon foirne a bhí páirteach i mbainistiú cistí RRF a mhéadú. I mBealtaine 2023, áfach, ní raibh an méadú ar an líon foirne ag teacht leis an méid de mhéadú a bhí sainaitheanta ag an gcomhlacht comhordaithe RRF mar líon a bheadh riachtanach chun RRF a chur chun feidhme.

[44] Cúirt Iniúchóirí na Spáinne, Tuarascáil iniúchóireachta maidir leis na bearta atá glactha ar an leibhéal réigiúnach chun an Plean Téarnaimh, Claochlaithe agus Athléimneachta a chur chun feidhme, N.1.515.

- Thug an Iodáil a cuidse athchóirithe ar a riarachán poiblí chun críche, lena n-áirítear i ndáil le nósanna imeachta earcaíochta, córas TF a bhunú chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF agus simpliú a dhéanamh ar nósanna imeachta riaracháin. Ina measc sin, bhí garsprioc maidir le hacmhainneacht riaracháin na n-údarás áitiúil a mhéadú[45]. I Márta 2023, áfach, thug uasfhoras iniúchóireachta na hIodáile ar aire go raibh dúshláin ann a bhain leis an athrú ard foirne a bhí ag tarlú i measc na ndaoine a bhí earcaithe agus tharraing sé aird ar an bhfíoras go raibh na nósanna imeachta le haghaidh chur chun feidhme an RRP casta, agus nach raibh an fhoireann ba ghá lena aghaidh sin fós ag go leor de na húdaráis[46].

- Rinne an tSlóvaic athchóiriú a chur chun feidhme a bhí dírithe ar an acmhainneacht riaracháin a neartú ar an leibhéal áitiúil agus freisin ar an leibhéal náisiúnta. Mar chuid den athchóiriú sin chaithfí bunús dlí a fhormheas lena mbunófaí na comhlachtaí ábhartha agus a shaineodh na róil agus na freagrachtaí a bhí acu, agus bheadh anailís le déanamh ar an gcaoi a mbeadh na ranna a bheadh freagrach as cur chun feidhme an RRP le cur ar bun ar bhonn eagraíochtúil. I nDeireadh Fómhair 2022, tharraing údarás iniúchóireachta na Slóvaice aird ar easnaimh a bhain le struchtúir eagraíochtúla agus le leibhéil foirne, chomh maith leis an bhfíoras nach raibh treoraíocht dhóthanach ann ar an leibhéal náisiúnta – go háirithe ó thaobh rialuithe inmheánacha cuí a áirithiú[47].

---

[45] Féach freisin Tuarascálacha bliantúla 2022 ar chur chun feidhme bhuiséad an Aontais do bhliain airgeadais 2022 agus ar na gníomhaíochtaí a maoiníodh faoin 9ú, 10ú agus 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta (CEFanna) do bhliain airgeadais 2022, mír 11.33 agus bosca 11.3.

[46] Cúirt Iniúchóirí na hIodáile, Tuarascáil ar staid chur chun feidhme an Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneacha (PNRR).

[47] An tÚdarás Náisiúnta Cur Chun Feidhme agus Comhordúcháin (NIKA), Achoimre ar iniúchtaí a rinneadh de bhun Airteagal 22(2)(c) de Rialachán (AE) 2021/241 agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gcomhaontú maoinithe, Deireadh Fómhair 2022.

## Rinne na Ballstáit agus an Coimisiún córais a chur ar bun chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sa chur chun feidhme, ach níl an obair leantach ar mhoilleanna á déanamh go córasach

**71** Bhí ar na Ballstáit socruithe a leagan síos ina gcuid RRPanna maidir le faireachán agus cur chun feidhme éifeachtach na bpleananna sin, lena n-áirítear an tráthchlár a bhí beartaithe, garspriocanna agus spriocanna, agus na táscairí gaolmhara[48]. Mar a thugamar ar aire inár dtuarascáil speisialta ar chreat faireacháin feidhmíochta RRF[49], chuir na Ballstáit agus an Coimisiún córais TF mar aon le struchtúir rialachais agus rialaithe ar bun do RRF laistigh de chreat ama gearr.

**72** Léiríonn ár suirbhé ar chomhlachtaí comhordaithe RRF nach é an cur chuige céanna a bhí ag na Ballstáit i ndearadh a gcuid córas TF chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chun feidhme. Taispeánann torthaí an tsuirbhé, i bhformhór na gcásanna, cé chomh maith is a bhí na córais TF in ann faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh garspriocanna agus spriocanna ag aon tráth ar leith, bíodh sin don Bhallstát ina iomláine nó i gcás na bhfaighteoirí deiridh. De na cheithre Bhallstát inár sampla, áfach, níorbh amhlaidh an cás don Rómáin agus don tSlóvaic, mar nach raibh miondealuithe chomh mion sin le fáil ina gcuidsean córas faireacháin. Sa bhreis air sin, ní raibh córas TF na Rómáine in úsáid ag gach ceann de na haireachtaí cur chun feidhme agus, dá bhrí sin, ní raibh faisnéis chuimsitheach ar an gcur chun feidhme ann. Mar thoradh air sin, ní raibh faisnéis thráthúil i gcónaí ag an gcomhlacht comhordaithe RRF ar an dul chun cinn a bhí déanta ar na bearta a bhí i gceist, a ligfeadh dó réiteach a fháil ar aon mhoill a bhí ann agus ionsú a éascú. Ag tráth ár n-iniúchóireachta, bhí an dá Bhallstát i mbun an phróisis chun córais nua faireacháin a bhunú.

**73** Sa bhreis air sin, thug thart ar leath de na freagróirí ar ár suirbhé le fios nach raibh 'córas luath-rabhaidh' ina gcuid córas faireacháin a thabharfadh fógra roimh ré dóibh faoi mhoilleanna sa dul chun cinn ionsar gharspriocanna agus spriocanna nó a thabharfadh foláireamh go raibh garspriocanna nó spriocanna a bhí bainte amach roimhe sin aisiompaithe. Le haghaidh torthaí mionsonraithe dár suirbhé i ndáil leis na córais faireacháin, féach ***Iarscríbhinn III***.

---

[48] Airteagail 18(4)(p) agus 19(3)(h) de Rialachán RRF.

[49] Tuarascáil speisialta 26/2023: 'Creat faireacháin feidhmíochta na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta – Dul chun cinn sa chur chun feidhme á thomhas, ach ní leor é chun léargas a thabhairt ar an bhfeidhmíocht', míreanna 54-57.

**74** Cuireann Rialachán RRF[50] de cheangal ar na Ballstáit tuairisciú faoi dhó sa bhliain ar a ndul chun cinn i gcur chun feidhme a gcuid RRPanna. Is é atá mar chuspóir leis an tuairisciú sin ná breathnú ar bhealach cuimsitheach ar an staid ina bhfuilimid ó thaobh chur chun feidhme na bpleananna go léir, agus deis a thabhairt don Choimisiún rioscaí féideartha a mbeadh ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu a shainaithint. Inár n-anailís ar na tuarascálacha leathbhliantúla a bhí curtha isteach ag na Ballstáit, fuaireamar nár thug gach ceann díobh faisnéis chuimsitheach ar bhonn córasach i dtaobh na gcúiseanna a bhí le moilleanna i mbaint amach garspriocanna agus spriocanna. Ina ionad sin, bhí an fhaisnéis teoranta in go leor cásanna do thuairiscí ginearálta ar na céimeanna a glacadh. Ina theannta sin, thug an Coimisiún ar aire freisin go raibh amanna ann ina raibh tuairisciú na mBallstát ar an dul chun cinn ionsar gharspriocanna agus spriocanna mícheart.

**75** Nuair a bhíonn faisnéis neamhiomlán nó míchruinn, cuirtear teorainn lenar féidir leis an gCoimisiún a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt go pras ar na cúiseanna atá leis na moilleanna agus na rioscaí don ionsú a éiríonn as sin a mhaolú. Cé go mbíonn an Coimisiún i dteagmháil go rialta leis na Ballstáit, ní iarrann sé go córasach orthu faisnéis a thabhairt i dtaobh na ngníomhaíochtaí a bhíonn déanta acu chun aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna a bhí ar gharspriocanna agus spriocanna a bhaint amach, nó ar dhúshláin a bhain lena mbaint amach, cé go ndéanann an Coimisiún an RRF a chur chun feidhme faoin mbainistíocht dhíreach agus gur air atá an fhreagracht faoi dheoidh.

## Tá RRF deartha sa chaoi go bhfuil rioscaí don ionsú ag gabháil leis agus go bhfuil bearta le tabhairt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026

**76** Ceann de na cuspóirí a bhí leis an iniúchóireacht seo ná aird a tharraingt, ag céim luath, ar aon riosca do chur chun feidhme RRF laistigh den chreat ama atá leagtha síos sa Rialachán agus, ar an gcaoi sin, gur rioscaí iad do bhaint amach chuspóirí RRF san fhadtéarma. Dá bhrí sin, rinneamar anailís féachaint an bhfuil aon rioscaí ann don ionsú sa dara leath den tréimhse cur chun feidhme. Inár n-anailís, bhí aird ar leith againn ar rioscaí do thabhairt chun críche na mbeart mar gur gné lárnach iad sin i mbaint amach chuspóirí RRF. Rinneamar measúnú freisin féachaint an raibh eisíocaíocht na gcistí ina léiriú ar an dul chun cinn i mbaint amach garspriocanna agus spriocanna.

[50] Airteagal 27 de Rialachán RRF.

## Tá cainníocht agus nádúr na ngarspriocanna agus na spriocanna atá fós le críochnú ag cruthú riosca don ionsú agus do thabhairt chun críche na mbeart

**77** I gcomhréir le Rialachán RRF, leagann na RRPanna náisiúnta amach, i measc rudaí eile, cad iad na garspriocanna agus spriocanna atá ann, agus tá tráthchlár freisin iontu do chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá le tabhairt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026[51]. Sa bhreis air sin, tá dáta táscach sna Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle le haghaidh gach Ballstáit ina dtugtar le fios cén dáta a bhfuiltear ag súil leis go mbeidh gach garsprioc agus sprioc comhlíonta.

**Fágann an líon suntasach garspriocanna agus spriocanna atá le baint amach sa dara leath den tréimhse cur chun feidhme go bhfuil rioscaí ann don ionsú agus do thabhairt chun críche na mbeart**

**78** Rinneamar anailís ar dháileadh na ngarspriocanna agus na spriocanna in imeacht ama agus, go háirithe, ar an sciar de na garspriocanna agus spriocanna sin atá fós le baint amach sa dara leath de thréimhse cur chun feidhme RRF.


**79** Níl an líon garspriocanna agus spriocanna atá le baint amach dáilte go cothrom ar fud thréimhse cur chun feidhme RRF. I measc na 73 iarraidh ar íocaíocht a bhí curtha isteach faoi dheireadh 2023, bhí 1 750 garsprioc agus sprioc – agus níl ansin ach thart ar 28 % den 6 234 gharsprioc agus sprioc a bhforáiltear dóibh sna Cinntí Cur Chun Feidhme tosaigh ón gComhairle. Fágann na dúshláin agus na moilleanna atá ann do na Ballstáit ó thaobh a gcuid garspriocanna agus spriocanna a bhaint amach faoi na dátaí atá tugtha sna Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle, fiú amháin ag tús an RRF (féach mír ***27***), go bhfuil riosca ann don ionsú agus nach mbeidh na bearta tugtha chun críche mar a bhí beartaithe, i bhfianaise na héifeachta carnaí a mheastar a bheidh ag na moilleanna sin.

**80** Mar chomhlánú dár n-anailís, bhí ceisteanna inár suirbhé faoin dóchúlacht a bhí ann go mbeadh garspriocanna agus spriocanna bainte amach faoin dáta a bhí tugtha sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle a bhain leis an mBallstát agus faoin dóchúlacht go mbeadh bearta tugtha chun críche faoi dheireadh thréimhse cur chun feidhme RRF (***Fíor 8***). Tugaimid ar aire nach raibh ach dhá Bhallstát ann a mheas gur dhóchúil go mbeadh na garspriocanna agus spriocanna infheistíochta go léir bainte amach faoin dáta a bhí tugtha sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

---

[51] Airteagal 18 de Rialachán RRF.

### Fíor 8 – A dhóchúla go mbeadh garspriocanna agus spriocanna bainte amach faoi mar a bhí beartaithe




*Foinse:* Suirbhé CIE ar chomhlachtaí comhordaithe RRF.


**Fágann an bogadh ó athchóirithe go dtí infheistíochtaí agus go bhfuiltear ag teannadh le céim dheiridh an chur chun feidhme gur mó an riosca de mhoilleanna atá ann**

**81** Bhí 2 530 beart sna RRPanna tosaigh, ar infheistíochtaí a bhí in 1 541 díobh sin agus ar athchóirithe a bhí in 989 díobh. Shocraigh formhór na mBallstát na hathchóirithe a chur chun feidhme ar dtús, mar gur mhinic go raibh siad sin tábhachtach chun cur chun feidhme éifeachtach agus éifeachtúil na n-infheistíochtaí a éascú[52], agus arb é cur chun feidhme na n-infheistíochtaí a thagann sa dara háit i bhformhór na gcásanna, faoi mar atá deimhnithe ag an gCoimisiún[53] (féach ***Fíor 9***).

[52] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: 'Treoraíocht do Bhallstáit – Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta', SWD(2021) 12 final, Cuid 1/2, lch. 15.

[53] An Coimisiún Eorpach, 'An tAontas a neartú trí athchóirithe agus infheistíochtaí uaillmhianacha' (COM(2024) 82 final), lch. 4.

## Fíor 9 – An líon athchóirithe agus infheistíochtaí atá dlite a bheith críochnaithe in aghaidh na ráithe, 2020-2026




*Foinse:* CIE, bunaithe ar bhunachar sonraí FENIX an Choimisiúin.

**82** Bhí sé i gceist ag na Ballstáit go mbeadh garspriocanna agus spriocanna a bhain le 39 % de na hinfheistíochtaí go léir agus 14 % de na hathchóirithe go léir tugtha chun críche acu in 2026, is é sin i rith na hocht mí dheiridh de thréimhse cur chun feidhme RRF. Léiríonn anailís ar na Ballstáit aonair gur in 2026 a bhí sé i gceist ag 16 acu garspriocanna agus spriocanna a bhain le 30 % ar a laghad dá gcuid infheistíochtaí a thabhairt chun críche, agus bhí an líon sin ag dul ó 30 % i gcás na Spáinne go dtí 62 % i gcás na hIodáile agus 70 % i gcás na Polainne (féach ***Iarscríbhinn IV***).

**83** Tá infheistíochtaí, agus go háirithe infheistíochtaí bonneagair, in ann a bheith sách casta agus is iondúil gur mó a chuireann moilleanna de bharr imthosca seachtracha isteach orthu, ar rud é sin nach bhfuil aon smacht ag na Ballstáit air. Mar thoradh air sin, tá an baol ann go bhfágfaidh cúl-ualú na n-infheistíochtaí gur mó an riosca a bheidh ann go dtarlóidh moilleanna agus go dtiocfaidh moill freisin ar an ionsú. Nuair a bhí a athbhreithniú meántéarma á chur i láthair ag an gCoimisiún, d’admhaigh sé gur mó de dhúshlán a bheidh ag baint leis an dara leath de chur chun feidhme RRF ná mar a bhí ag baint leis an gcéad leath de réir mar a bheidh infheistíochtaí ag teacht go dtí céim chriticiúil dá gcur chun feidhme[54].

[54] An Coimisiún Eorpach, Ráitis ón Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin Dombrovskis agus ón gCoimisinéir Gentiloni ag an bpreasagallamh ar an meastóireacht mheántéarma ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, 21 Feabhra 2024.

**84** Tugaimid ar aire, thairis sin, gur bhain na garspriocanna agus spriocanna ag tús RRF leis na céimeanna luatha den chur chun feidhme (amhail dlíthe a ghlacadh, glaonna ar thograí nó ar thairiscintí a fhoilsiú, nó tionscadail a roghnú), ach gur minic leis na garspriocanna agus spriocanna sa dara leath de chur chun feidhme RRF a bheith níos casta agus níos dúshlánaí mar go dtagraíonn siad do chéimeanna deiridh den chur chun feidhme (amhail infheistíochtaí bonneagair nó athchóirithe a thabhairt chun críche, nó fiú amháin na torthaí a d'éireodh astu sin).

**85** Níos tábhachtaí ná sin féin, is minic leis na garspriocanna agus spriocanna sa dara leath de thréimhse cur chun feidhme RRF a bheith nasctha níos dlúithe le bearta a thabhairt chun críche agus le cuspóirí a bhaint amach. Mura mbainfear amach na garspriocanna nó spriocanna sin, cruthófar riosca don ionsú agus do thabhairt chun críche na mbeart lena mbaineann. I ***dTábla 2***, tugtar samplaí den difríocht idir na garspriocanna/spriocanna díreach roimh na cinn dheireanacha agus na garspriocanna/spriocanna deireanacha le haghaidh cuid de na bearta sna Ballstáit inár sampla.

### Tábla 2 – Samplaí den difríocht idir na garspriocanna/spriocanna díreach roimh na cinn dheireanacha agus na garspriocanna/spriocanna deireanacha sna Ballstáit inár sampla

| Ballstát | Tuairisc ar an mbeart | An dara garsprioc/sprioc dheireanach | An gharsprioc/sprioc dheireanach san iarraidh deiridh ar íocaíocht |
|---|---|---|---|
| An Iodáil | Hidrigin a tháirgeadh ar láithreacha athfhorbraíochta | **Dámhachtain na dtionscadal le haghaidh táirgeadh hidrigine** i limistéir thionsclaíochta atá tréigthe.<br><br>R1/2023 | **10 dtionscadal ar a laghad le haghaidh táirgeadh hidrigine a thabhairt chun críche** i limistéir thionsclaíochta atá tréigthe agus a mbeadh meántoilleadh de 1-5 MW an ceann le gach tionscadal.<br><br>R2/2026 |

| Ballstát | Tuairisc ar an mbeart | An dara garsprioc/sprioc dheireanach | An gharsprioc/sprioc dheireanach san iarraidh deiridh ar íocaíocht |
|---|---|---|---|
| An Rómáin | Córais chomhtháite le haghaidh maolú riosca tuilte in abhantracha i gceantair fhoraoiseachta. | Déanfar **dearadh an tionscadail** do na hoibreacha nuachóirithe le haghaidh cosaint ar thuilte **a ghlacadh**.<br><br>R1/2023 | Déanfar an **tionscadal** le haghaidh nuachóiriú ar chosaint ar thuilte **a thabhairt chun críche**.<br><br>R2/2026 |
| An tSlóvaic | Méadú ar fheidhmíocht institiúidí ardoideachais na Slóvaice – Athchóiriú 5: Acmhainneachtaí oideachais agus taighde den scoth a chomhchruinniú. | **Tús a chur le hollscoileanna a thabhairt le chéile** in aonaid níos mó.<br><br>R4/2021 | **Próiseas cumaisc na n-aonad taighde a thabhairt chun críche**.<br><br>R2/2026 |
| An Spáinn | Clár Athshlánúcháin Fuinnimh i bhFoirgnimh | **Dámhachtain conarthaí athchóiriúcháin** le haghaidh teaghais chónaithe agus teaghais neamhchónaithe, a bhaineann laghdú 30 % ar a laghad, ar an meán, den éileamh ar fhuinneamh príomhúil amach.<br><br>R4/2023 | **Tabhairt chun críche na n-athchóiriúchán** le haghaidh teaghais chónaithe agus teaghais neamhchónaithe, a bhaineann laghdú 30 % ar a laghad, ar an meán, den éileamh ar fhuinneamh príomhúil amach.<br><br>R2/2026 |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

### Ní móide go léiríonn eisíocaíochtaí cainníocht agus tábhacht na ngarspriocanna agus na spriocanna atá clúdaithe leo

**86** Tríd is tríd, ba cheart go mbeadh eisíocaíocht an chistithe ina léiriú ar an dul chun cinn atá déanta i mbaint amach garspriocanna agus spriocanna[55]. Tá gach íocaíocht a dhéantar i ndiaidh na híocaíochta réamh-mhaoiniúcháin bunaithe ar bhaint amach na ngarspriocanna agus na spriocanna atá luaite san iarratas ar íocaíocht a bhaineann leo. Méid gach íocaíochta agus na garspriocanna agus spriocanna atá le comhlíonadh chun an íocaíocht a fháil, tá siad sin sainithe sna Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

**87** Cruthaítear na próifílí íocaíochta ag éirí as caibidlíochtaí leis na Ballstáit lena mbaineann. Cé go gcuirtear cainníocht agus tábhacht na ngarspriocanna agus na spriocanna san áireamh[56], ní gá go mbeadh na próifílí íocaíochta ina léiriú glan orthu. Faoi dheireadh 2023, bhí 37 % de leithdháileadh iomlán RRF (deontais agus iasachtaí) íoctha amach ag an gCoimisiún mar luaíocht ar chomhlíonadh sásúil 19 % de na garspriocanna agus spriocanna go léir, leis na méideanna de réamh-mhaoiniú a bhí imréitithe cheana féin curtha san áireamh (féach ***Fíor 10***).

---

[55] Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin: 'Treoraíocht do Bhallstáit – Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta', SWD(2021) 12 final, Cuid 1/2, lch 35.

[56] Tuarascáil speisialta 21/2022: Measúnú an Choimisiúin ar na pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta, mír 73.


## Fíor 10 – Eisíocaíochtaí RRF mar luaíocht ar chomhlíonadh sásúil garspriocanna agus spriocanna ag deireadh 2023

| | Sciar den chistiú atá aisíoctha | Sciar de gharspriocanna agus spriocanna atá comhlíonta go sásúil | Líon iomlán na ngarspriocanna agus na spriocanna | Garspriocanna & spriocanna comhlíonta go sásúil faoi R4 2023 |
|---|---|---|---|---|
| **An Fhrainc** | 59 % | 53 % | 175 | 93 |
| **An Phortaingéil** | 48 % | 28 % | 341 | 96 |
| **An Spáinn** | 46 % | 29 % | 416 | 121 |
| **An Iodáil** | 46 % | 34 % | 525 | 178 |
| **An Ghréig** | 40 % | 26 % | 331 | 87 |
| **An Chróit** | 38 % | 28 % | 371 | 104 |
| **AE-27** | 37 % | 19 % | 2 159 | 679 |
| **An tSlóvaic** | 33 % | 30 % | 196 | 58 |
| **Lucsamburg** | 32 % | 41 % | 63 | 26 |
| **An Eastóin** | 30 % | 23 % | 124 | 29 |
| **An Liotuáin** | 29 % | 16 % | 191 | 31 |
| **An tSlóivéin** | 24 % | 31 % | 209 | 64 |
| **An Ostair** | 23 % | 26 % | 171 | 44 |
| **An Danmhairg** | 22 % | 32 % | 77 | 25 |
| **An Bhulgáir** | 22 % | 6 % | 346 | 22 |
| **An Rómáin** | 21 % | 14 % | 507 | 70 |
| **Málta** | 19 % | 14 % | 138 | 19 |
| **An Ghearmáin** | 17 % | 28 % | 129 | 36 |
| **An tSeicia** | 15 % | 15 % | 244 | 37 |
| **An Laitvia** | 12 % | 4 % | 214 | 9 |
| **An Chipir** | 8 % | 5 % | 271 | 14 |
| **An Bheilg** | 0 % | 0 % | 210 | 0 |
| **An Fhionlainn** | 0 % | 0 % | 140 | 0 |
| **An Ungáir** | 0 % | 0 % | 270 | 0 |
| **Éire** | 0 % | 0 % | 109 | 0 |
| **An Ísiltír** | 0 % | 0 % | 127 | 0 |
| **An Pholainn** | 0 % | 0 % | 283 | 0 |
| **An tSualainn** | 0 % | 0 % | 56 | 0 |

*Foinse:* CIE, bunaithe ar na socruithe oibríochtúla agus ar Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin.

**88** Ina theannta sin, beidh ar roinnt Ballstát níos mó ná 50 % dá gcuid beart a thabhairt chun críche in 2026 cé nach mbeidh a bhformhór ag fáil ach suim is lú ná 20 % dá gcistiú iomlán chun é sin a dhéanamh (féach ***Fíor 11***).


## Fíor 11 – An sciar de bhearta a bhfuil garspriocanna agus spriocanna fós le comhlíonadh dóibh i gcomparáid leis an sciar de chistí atá le fáil in 2026




*Foinse:* CIE, bunaithe ar bhunachar sonraí FENIX.

**89** Sa bhreis air sin, tá éagsúlacht as cuimse ó Bhallstát go chéile sa ghaolmhaireacht idir eisíocaíochtaí atá faighte agus na garspriocanna agus spriocanna atá bainte amach (féach mír *86*). Mar shampla, tá an dá iarraidh dheireanach ar íocaíocht a rinne an Phortaingéil ag seasamh do 18 % de chistiú iomlán RRF na tíre sin, ach beidh uirthi 45 % de na garspriocanna agus spriocanna ar fad atá ina RRP a chomhlíonadh chun an íocaíocht sin a fháil. Tá an ghaolmhaireacht cosúil go leor i gcás na dtíortha seo a leanas, mar shampla: an Ísiltír (15 % de mhaoiniú agus 39 % de gharspriocanna agus spriocanna); an tSlóvaic (6 % agus 29 %); an Rómáin (9 % agus 31 %) agus an Chróit (17 % agus 38 %) (féach ***Fíor 12***).

## Fíor 12 – Anailís ar an dara hiarraidh dheireanach ar íocaíocht agus ar an iarraidh dheireanach ar íocaíocht




*Foinse:* CIE, bunaithe ar na Cinntí Cur Chun Feidhme ón gComhairle.

**90** Is é fírinne an scéil é ná go bhfuil RRF deartha ar shlí a fhágann nach móide go bhfuil eisíocaíochtaí ina léiriú ar chainníocht agus tábhacht na ngarspriocanna agus na spriocanna, agus go bhféadfadh sé gurb é a bheadh mar thoradh air sin ná go mbeadh sciar suntasach de chistiú RRF á íoc, fiú gan na bearta atá ag freagairt don chistiú sin a bheith tugtha chun críche ag na Ballstáit. I gcomhréir le Rialachán RRF, leagann na RRPanna náisiúnta amach, i measc rudaí eile, tráthchlár freisin do chur chun feidhme na n-athchóirithe agus na n-infheistíochtaí atá le tabhairt chun críche faoin 31 Lúnasa 2026[57]. Tugaimid ar aire, áfach, nach bhforálann Rialachán RRF don fhéidearthacht cistí a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna atá bainte amach cheana féin a aisghabháil sa chás nach ndéantar bearta a thabhairt chun críche. Cruthaíonn sé seo riosca do bhaint amach chuspóirí RRF agus, dá bhrí sin, do leasanna airgeadais an Aontais Eorpaigh sa chás nach ndéanann na Ballstáit sin na bearta atá comhaontaithe acu a thabhairt chun críche.

[57] Airteagal 18(4)(i) de Rialachán RRF.

# Conclúidí agus moltaí

**91** Táimid tagtha ar an gconclúid gurb amhlaidh, ag céimeanna luaithe chur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), go raibh an réamh-mhaoiniú ina éascú d'íoc amach na gcistí. Mar sin féin, bhí moilleanna ar chúiseanna éagsúla ar ionsú na gcistí ina dhiaidh sin. Cé gur fhreagair an Coimisiún agus na Ballstáit do na moilleanna sin, fuaireamar go raibh rioscaí fós ann don ionsú agus do thabhairt chun críche na mbeart sa dara leath de chur chun feidhme RRF.

**92** Bhí bonn cirt leis an réamh-mhaoiniú de suas go dtí 13 % dá bhforáiltear sa reachtaíocht i bhfianaise na géarchéime as ar eascair RRF, agus d'fhág sé sin go bhféadfaí cistí a íoc amach go tapa le formhór na mBallstát (féach míreanna *18*-*19*). Cé go raibh an fháil sciobtha ar chistiú RRF bunriachtanach chun téarnamh ón ngéarchéim, fuaireamar, áfach, go raibh moill go ginearálta ar ionsú cistí sa chéad leath de thréimhse cur chun feidhme RRF. Faoi Nollaig 2023, bhí an líon iarrataí ar íocaíocht a bhí curtha isteach chuig an gCoimisiún i bhfad níos ísle ná an líon a bhí pleanáilte sna socruithe oibríochtúla. Bhí éagsúlacht ó Bhallstát go chéile, áfach, sna moilleanna a mhéid a bhain leis an líon iarrataí ar íocaíochtaí a cuireadh isteach, leis an gcistiú a iarradh agus leis na garspriocanna agus spriocanna a baineadh amach, agus freisin ó thaobh fhad na moilleanna sin (féach míreanna *21*-*27*).

**93** Bhí imthosca áirithe ann a rannchuidigh leis na moilleanna, lena n-áirítear imthosca seachtracha ar nós arduithe ar phraghsanna agus ganntanas soláthair, chomh maith leis an méid ama a bhí ag teastáil chun bearta a chur chun feidhme – go háirithe le haghaidh tionscadail nuálacha nó tionscadail mhóra bhonneagair – a bheith gannmheasta ag an am a roghnaíodh iad lena gcur isteach sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta. Thairis sin, bhí rialacha cur chun feidhme RRF áirithe chomh maith le tuiscintí éagsúla faoin gcaoi lena gcur i bhfeidhm ina gcúis le méadú ar an méid ama a bhí ag teastáil chun bearta a chur chun feidhme (féach míreanna *28*-*52*).

**94** Ina theannta sin, tá beagnach leath na gcistí RRF a rinneadh a íoc amach le 15 Bhallstát a thug faisnéis faoina staid féin nach bhfuil tagtha chomh fada leis na faighteoirí deiridh go fóill. Sa bhreis air sin, ní dhearna na seacht mBallstát eile a fuair cistí faisnéis iomlán agus chomhsheasmhach a chur ar fáil faoin áit a bhfuil na cistí sin faoi láthair. Ina theannta sin, is féidir an téarma 'faighteoir deiridh' a thuiscint ar bhealaí éagsúla, agus cuireadh an sainmhíniú ar an téarma sin i bhfeidhm ar bhealaí difriúla i gcás bearta comhchosúla (féach míreanna *53*-*56*).

## Moladh 1 – A chinntiú go ndéantar an sainmhíniú ar 'fhaighteoir deiridh' a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach

Ba cheart don Choimisiún a áirithiú go bhfuil tuiscint chomhchoiteann ann ar cad atá i gceist le 'faighteoir deiridh' agus go ndéantar é sin a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2024.**

**95** Rinne an Coimisiún agus na Ballstáit araon bearta áirithe chun ionsú a éascú, ach tá rioscaí fós ann. Maidir leis na leasuithe a rinneadh ar na pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cé gur thug siad an deis deacrachtaí a sainaithníodh i rith an chur chun feidhme a réiteach, níor laghdaigh siad uaillmhian fhoriomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. Ní léir go fóill cé chomh mór is a imreoidh na leasuithe sin tionchar ar an ionsú (féach míreanna ***57***-***63***).

**96** D'fhoilsigh an Coimisiún an mhodheolaíocht chun comhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna a mheasúnú dhá bhliain tar éis tús a bheith curtha le tréimhse cur chun feidhme RRF. Tá éiginnteachtaí fós ann, áfach, a mhéid a bhaineann le laghdú na n-íocaíochtaí sa chás nach gcomhlíontar garspriocanna nó spriocanna, mar gur féidir an mhodheolaíocht a thuiscint ar bhealaí éagsúla. Tugadh treoraíocht ar chur i bhfeidhm an phrionsabail 'gan dochar suntasach a dhéanamh' luath go leor, ach bhí sé dúshlánach do na húdaráis náisiúnta é sin a chur i bhfeidhm mar gheall ar a chasta a bhí an treoraíocht agus mar gheall go raibh an prionsabal féin úrnua (féach míreanna ***64***-***68***).

**97** Rinne na Ballstáit gníomhaíocht freisin chun feabhas a chur ar a n-acmhainneacht riaracháin, go háirithe trí fhoireann bhreise a earcú, ach níor éirigh leo aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na dúshláin (féach míreanna ***69***-***70***). Chuir an Coimisiún agus na Ballstáit córais ar bun chun faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme RRF, ach bhí amanna ann nuair nach raibh an fhaisnéis a tugadh iomlán. Cé go mbíonn an Coimisiún i dteagmháil go rialta leis na Ballstáit, ní iarrann sé go córasach orthu faisnéis a thabhairt i dtaobh na ngníomhaíochtaí a bhíonn déanta acu chun aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna, cé go ndéanann an Coimisiún an RRF a chur chun feidhme faoin mbainistíocht dhíreach agus gur air atá an fhreagracht faoi dheoidh (féachmíreanna ***71***-***75***).

## Moladh 2 – Treoraíocht agus tacaíocht bhreise a thabhairt do na Ballstáit

Ba cheart don Choimisiún tacaíocht agus treoraíocht bhreise a chur ar fáil, nuair is gá, chun aghaidh a thabhairt ar aon neamhchinnteachtaí atá fós sna réimsí sin atá sainaitheanta ag na Ballstáit.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2024.**

**98** Sa dara leath de thréimhse cur chun feidhme RRF, is dócha go mbeidh cainníocht agus nádúr na ngarspriocanna agus na spriocanna atá le baint amach, chomh maith leis an aistriú ó athchóirithe go hinfheistíochtaí, ina gcúis le dúshláin bhreise ar ionsú tráthúil cistí. I bhfianaise na moilleanna a bhí ann cheana féin faoi dheireadh 2023, measaimid go bhfuil an baol ann nach mbeidh na bearta go léir atá pleanáilte tugtha chun críche laistigh den chreat ama atá leagtha síos le haghaidh chur chun feidhme RRF (féach míreanna ***78***-***85***).

## Moladh 3 – Faireachán a dhéanamh ar an riosca nach ndéantar bearta a thabhairt chun críche, agus an riosca sin a mhaolú, chomh maith le faireachán agus maolú ar na hiarmhairtí airgeadais a ghabhann leis an méid sin

Ba cheart don Choimisiún comhoibriú leis na Ballstáit i dtaca leis an méid seo a leanas:

(a) na bearta is mó atá i mbaol nach mbeidh siad críochnaithe faoin 31 Lúnasa 2026 a shainaithint;

(b) obair leantach a dhéanamh go córasach ar na bearta sin, agus comhaontú ar ghníomhaíochtaí chun réiteach a fháil ar na moilleanna;

(c) an riosca do chistiú le haghaidh bearta nach bhfuil críochnaithe a mhaolú.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: 2024.**

**99** Fuaireamar freisin nach gá go mbeadh an méid cistí a fuair Ballstáit ina léiriú ar chainníocht agus tábhacht na ngarspriocanna agus na spriocanna a baineadh amach. Sa bhreis air sin, tá an ghaolmhaireacht idir an cistiú agus baint amach garspriocanna agus spriocanna éagsúil ó Bhallstát go chéile. D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh mar thoradh air sin ná go ndéanfaí sciar suntasach de chistí a íoc amach le haghaidh bearta nach mbeadh críochnaithe. Cruthaíonn sé sin rioscaí mar nach bhforálann Rialachán RRF don fhéidearthacht cistí a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna atá bainte amach cheana féin a aisghabháil sa chás nach ndéantar bearta a thabhairt chun críche (féach míreanna ***86***-***90***).

## Moladh 4 – Dearadh ionstraimí a bhunófar amach anseo ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais a neartú, a mhéid a bhaineann le hionsú na gcistí

Má dhéanann an Coimisiún ionstraimí a dhearadh atá bunaithe ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais, ba cheart dó:

(a) dlúthnasc idir eisíocaíochtaí agus an dul chun cinn i mbaint amach na gcuspóirí a áirithiú;

(b) aghaidh a thabhairt ar an gcás nach féidir cistí a aisghabháil mura ndéantar bearta a thabhairt chun críche.

**Spriocdháta don chur chun feidhme: nuair a bheidh ionstraimí atá bunaithe ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais á ndearadh.**

Is é Seomra IV, faoi cheannas Mihails Kozlovs (Comhalta den Chúirt Iniúchóirí), a ghlac an tuarascáil seo i Lucsamburg an 4 Iúil 2024.

*Thar ceann na Cúirte Iniúchóirí*


Tony Murphy
*Uachtarán*

# Iarscríbhinní

## Iarscríbhinn I – An phríomhfhaisnéis as suirbhéanna CIE ar na Ballstáit


| Seolaithe | Topaic | Sampla | Tréimhse ama | Ráta freagartha |
|---|---|---|---|---|
| Comhlachtaí comhordaithe RRF | Ionsú go ginearálta | 27 mBallstát | Aibreán – Meitheamh 2023 | 96 % |
| Comhlachtaí cur chun feidhme RRF | | 20 Ballstát a bhfuaireamar teagmhálacha ábhartha lena n-aghaidh | | 61 % |
| Údaráis iniúchóireachta | | 27 mBallstát | | 70 % |

# Iarscríbhinn II – Céimeanna nós imeachta agus am (i laethanta) a bhí ag teastáil don chomhlíonadh





*Foinse:* CIE, bunaithe ar Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta an Choimisiúin.

# Iarscríbhinn III – Feidhmiúlachtaí na gcóras faireachán náisiúnta TF chun ionsú cistí RRF ar an leibhéal náisiúnta a rianú




*Foinse:* Suirbhé CIE ar chomhlachtaí comhordaithe RRF.

## Iarscríbhinn IV – Céatadán d'athchóirithe agus infheistíochtaí atá le críochnú in aghaidh na bliana, de réir Ballstáit




*Foinse:* CIE, bunaithe ar bhunachar sonraí FENIX.

# Giorrúcháin

**DNSH:** Gan dochar suntasach a dhéanamh

**RRF:** An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

**RRP:** Plean téarnaimh agus athléimneachta

# Gluais

**An Ciste Comhtháthaithe:** Ciste de chuid an Aontais chun míréireachtaí eacnamaíocha agus sóisialta a laghdú san Aontas Eorpach trí infheistíochtaí a chistiú sna Ballstáit sin ina bhfuil an t-ollioncam náisiúnta in aghaidh an áitritheora níos lú ná 90 % de mheán an Aontais.

**An Seimeastar Eorpach:** Timthriall bliantúil a chuireann creat ar fáil maidir le comhordú bheartais eacnamaíocha Bhallstáit an Aontais agus maidir le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn.

**An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta:** Sásra tacaíochta airgeadais an Aontais chun tionchar eacnamaíoch agus sóisialta phaindéim COVID-19 a mhaolú, chun téarnamh a spreagadh, agus chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le todhchaí níos glaise agus níos digití.

**Athchóiriú:** Gníomhaíocht nó próiseas trína ndéantar athruithe agus feabhsúcháin a bhfuil tionchar suntasach nó éifeachtaí fadmharthanacha acu ar fheidhmiú margaidh nó beartais, ar fheidhmiú nó struchtúir institiúide nó riaracháin, nó ar an dul chun cinn ionsar chuspóirí beartais ábhartha, amhail fás agus poist, athléimneacht agus aistrithe dúbailte.

**Éifeachtacht:** A mhéid a dhéantar na cuspóirí atá á saothrú a bhaint amach trí na gníomhaíochtaí a dhéantar.

**Faighteoir deiridh:** Duine nó eintiteas dlíthiúil a fhaigheann cistí RRF chun beart atá i bplean téarnaimh agus athléimneachta Ballstáit a chur chun feidhme.

**Faireachán:** An dul chun cinn i dtreo cuspóir a bhaint amach a bhreathnú agus a sheiceáil go córasach, trí tháscairí go páirteach.

**Feidhmíocht:** Tomhas ar cé chomh maith atá na cuspóirí comhlíonta ag gníomhaíocht, tionscadal nó clár atá maoinithe ag an Aontas agus cé chomh maith atá luach ar airgead curtha ar fáil.

**Gan dochar suntasach a dhéanamh:** An prionsabal a deir nár cheart go mbeadh aon mhórthionchar díobhálach comhshaoil ag bearta infheistíochta.

**Garsprioc:** Tomhas cáilíochtúil ar an dul chun cinn ionsar athchóiriú nó infheistíocht a bhaint amach.

**Infheistíocht:** Caiteachas ar ghníomhaíocht, tionscadal nó gníomh eile atá laistigh de raon feidhme an Rialacháin agus a bhfuiltear ag dréim leis go leanfaidh torthaí tairbhiúla don tsochaí, don gheilleagar agus/nó don chomhshaol as an gcaiteachas sin.

**Ionsú:** A mhéid atá cistiú RRF faighte ag na Ballstáit ón gCoimisiún mar luaíocht ar gharspriocanna agus spriocanna a bheith comhlíonta go sásúil.

**Plean téarnaimh agus athléimneachta:** Doiciméad ina leagtar amach na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá beartaithe ag Ballstát faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

**Socrú oibríochtúil:** Comhaontú idir an Coimisiún agus Ballstát ar nithe teicniúla a bhaineann le cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta an Bhallstáit.

**Sprioc:** Tomhas cainníochtúil ar an dul chun cinn a dhéanann Ballstát ionsar athchóiriú nó infheistíocht a bhaint amach.

**Toradh:** Éifeacht láithreach a bhíonn ag tionscadal nó clár nuair a thugtar chun críche é, ar nós infhostaitheacht fheabhsaithe do rannpháirtithe ar chúrsa nó inrochtaineacht fheabhsaithe tar éis bóthar nua a thógáil.

# Freagraí ón gCoimisiún

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-13

# Amlíne

https://www.eca.europa.eu/ga/publications/sr-2024-13

# An fhoireann iniúchóireachta

I dtuarascálacha speisialta na Cúirte Iniúchóirí, leagtar amach torthaí a hiniúchtaí ar bheartais agus ar chláir an Aontais, nó ar thopaicí a bhaineann le bainistiú i dtaobh réimsí buiséadacha sonracha. Roghnaíonn agus dearann an Chúirt Iniúchóirí na tascanna iniúchóireachta sin a mbeidh an tionchar is mó is féidir acu trí bhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí don fheidhmíocht nó don chomhlíontacht, ar leibhéal an ioncaim nó an chaiteachais lena mbaineann, ar fhorbairtí atá ar na bacáin agus ar an leas polaitiúil agus poiblí.

Is é Seomra Iniúchóireachta IV – Rialáil margaí agus an geilleagar iomaíoch, atá faoi cheannas Mihails Kozlovs (Comhalta den Chúirt), a rinne an t-iniúchadh feidhmíochta seo. Rinneadh an iniúchóireacht faoi stiúir Ivana Maletić (Comhalta den Chúirt) agus fuarthas tacaíocht ó na daoine seo a leanas: Sandra Diering (Ceann na hOifige Príobháidí), Tea Vlainić (Ataisé na hOifige Príobháidí), Juan Ignacio Gonzalez Bastero (Príomhbhainisteoir), Giorgos Tsikkos (Ceann Cúraim) agus Felipe Andres Miguelez, Sorana Rotta agus Valentina-Adriana Visan (Iniúchóirí). Chuir Michael Pyper tacaíocht teanga ar fáil. Chuir Alexandra-Elena Mazilu tacaíocht ghrafaice ar fáil.



Ivana Maletić



Sandra Diering



Tea Vlainić



Juan Ignacio Gonzales Bastero



Giorgios Tsikkos



Sorana Rotta



Valentina-Adriana Visan



Michael Pyper

# CÓIPCHEART

© An tAontas Eorpach, 2024

Is i gCinneadh Uimh. 6-2019 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir leis an mbeartas sonraí oscailte agus athúsáid doiciméad a leagtar amach an beartas athúsáide atá ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa.

Mura léirítear a mhalairt (e.g. i bhfógraí cóipchirt aonair), déantar ábhar na Cúirte Iniúchóirí atá faoi úinéireacht an Aontais a cheadúnú faoi cheadúnas *Creative Commons* – Sannadh 4.0 Idirnáisiúnta (CC BY 4.0). Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ceadaítear athúsáid ar choinníoll go dtugtar aitheantas cuí agus go léirítear aon athruithe. Ní fhéadfaidh aon duine atá ag baint athúsáid as ábhar na Cúirte Iniúchóirí an bhunbhrí ná an teachtaireacht a shaobhadh. Ní bheidh an Chúirt Iniúchóirí faoi dhliteanas i leith aon iarmhairt a bhaineann le hathúsáid.

Caithfear cead breise a fháil má léirítear daoine príobháideacha inaitheanta in ábhar ar leith, e.g. i bpictiúir d'fhoireann na Cúirte nó má tá oibreacha tríú páirtí san áireamh.

I gcás ina bhfaightear an cead sin, cuirfidh sé an cead ginearálta thuasluaite ar ceal agus tiocfaidh sé ina ionad, agus beidh sé ráite go soiléir sa chead nua má tá aon srianta eile ann maidir le húsáid.

D'fhéadfadh sé gur gá cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt chun ábhar nach leis an Aontas Eorpach é a úsáid nó a atáirgeadh.

Maidir le bogearraí nó doiciméid atá cumhdaithe ag cearta maoine tionsclaíche, amhail paitinní, trádmharcanna, dearaí cláraithe, lógónna agus ainmneacha, tá siad eisiata ó bheartas athúsáide na Cúirte Iniúchóirí.

Tá naisc chuig suíomhanna gréasáin tríú páirtí le fáil ar shuíomhanna gréasáin an Aontais Eorpaigh atá san fhearann europa.eu. Ós rud é nach bhfuil aon smacht ag an gCúirt orthu sin, moltar duit a mbeartais phríobháideachais agus cóipchirt a léamh go cúramach.

**Úsáid lógó CIE**

Ní fhéadtar lógó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a úsáid gan toiliú a fháil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa roimh ré.


| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| HTML | ISBN 978-92-849-2486-8 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/72779 | QJ-AB-24-013-GA-Q |
| PDF | ISBN 978-92-849-2494-3 | ISSN 2529-3370 | doi:10.2865/695233 | QJ-AB-24-013-GA-N |

**Rinneadh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF), a bhfuil ciste de €724 bhilliún ag gabháil léi, a chur ar bun mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19.**

**Rinneamar iniúchóireacht ar ionsú chistí RRF agus thángamar ar an gconclúid go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh iontu ach go bhfuil moilleanna ann.**

**Cé gur ghlac an Coimisiún agus na Ballstáit bearta chun aghaidh a thabhairt ar na moilleanna sin, tá rioscaí fós ann ó thaobh bearta a thabhairt chun críche agus, dá bhrí sin, ó thaobh chuspóirí RRF a bhaint amach.**

**Fuaireamar nach bhforáiltear i Rialachán RRF do bhealach chun cistí a aisghabháil sa chás nach dtugtar bearta chun críche agus fuaireamar freisin nach gá go mbeadh na heisíocaíochtaí leis na Ballstáit ina léiriú ar chainníocht agus tábhacht na ngarspriocanna agus na spriocanna atá bainte amach.**

**Molaimid, i measc nithe eile, go dtabharfadh an Coimisiún tuilleadh treoraíochta nuair is gá, go ndéanfadh sé faireachán ar bhearta nach bhfuil tugtha chun críche agus go láidreodh sé an dearadh in ionstraimí comhchosúla maidir leis an ionsú a d'fhéadfadh a bheith ann sa todhchaí.**

**Tuarascáil speisialta ón gCúirt Iniúchóirí de bhun Airteagal 287(4), an dara fomhír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.**

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA
12, rue Alcide De Gasperi
1615 Luxembourg
LUCSAMBURG

Teil. +352 4398-1

Fiosrúcháin: eca.europa.eu/ga/contact
Suíomh Gréasáin: eca.europa.eu
Twitter: @EUAuditors